

An Bhruiséil, 23 Meán Fómhair 2026
(OR. en)

13533/26

COASI 181
ASIE 41
CFSP/PESC 1498
PE 108
ECOFIN 1212
WTO 105
COHOM 120

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	JOIN(2026) 22 final
Ábhar:	TUARASCÁIL CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE Sainréigiún Riaracháin Hong Cong: Tuarascáil Bhliantúil le haghaidh 2025

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad JOIN(2026) 22 final.

Faoi iamh: JOIN(2026) 22 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

ARDIONADAÍ AN AONTAIS
DO GHNÓTHAÍ
EACHTRACHA AGUS DON
BHEARTAS SLÁNDÁLA

An Bhruiséil, 22.9.2026
JOIN(2026) 22 final

**TUARASCÁIL CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

Sainréigiún Riaracháin Hong Cong:

Tuarascáil Bhliantúil le haghaidh 2025

TUARASCÁIL CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

SAINRÉIGIÚN RIARACHÁIN HONG CONG:

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL LE hAGHAIDH 2025

Achoimre

Ón tráth a aistríodh Hong Cong go dtí Daon-Phoblacht na Síne in 1997, is go dlúth atá na forbairtí polaitiúla agus eacnamaíocha i Sainréigiún Riaracháin Hong Cong (SAR) á leanúint ag an Aontas agus a Bhallstáit.

I gcomhréir leis an ngealltanas a tugadh do Pharlaimint na hEorpa in 1997, eisiúnn an Coimisiún agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála/an Leas-Uachtarán tuarascáil bhliantúil ar na forbairtí i Hong Cong. I gcaitheamh na mblianta, leagadh béim ar leith ar chur chun feidhme an phrionsabail ‘aon tír amháin, dhá chóras’ agus ar neamhspleáchas Hong Cong mar a luaitear i mBundlí Hong Cong féin.

Is í seo an 28ú tuarascáil, lena gcumhdaítear 2025. In 2025, bhí Hong Cong fós ar an tríú lárionad airgeadais ba mhó ar domhan (agus an ceann ba mhó san Áise) agus ba mhol tábhachtach trádála agus lóistíochta é. Bhí thart ar 1 770 cuideachta de chuid an Aontais gníomhach i Hong Cong, rud a fhágann gurb é an tAontas an láithreach ghnó eachtrach is mó sa Sainréigiún Riaracháin nach láithreach de chuid na Síne í. Bhí thart ar leath de na cuideachtaí sin ag reáchtáil oibríochtaí réigiúnacha ó Hong Cong. Lean náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais de bheith ag cur go mór le geilleagar agus sochaí an tSainréigiúin Riaracháin, lena n-áirítear san eolaíocht, san oideachas agus sa chultúr. Is gnéithe iad córas dlí choitinn Hong Cong, agus córas cánach íseal agus simplí a chuidíonn lena tharraingteacht le haghaidh cuideachtaí idirnáisiúnta a choinneáil ar bun.

Ó thaobh na polaitíochta de, tharla na nithe seo a leanas i gcaitheamh na bliana: (i) fo-reachtaíocht slándála náisiúnta bhreise, (ii) an dara toghchán don Chomhairle Reachtach ‘tírghráthóirí amháin’ ina bhfuil sásra grinnfhiosrúcháin polaitiúil, (iii) diúltú na Comhairle Reachtaí do bhille beartaithe lena n-aithnítear comhpháirtíochtaí comhghnéis agus (iv) fócas leanúnach ar an tslándáil náisiúnta sa chúigiú bliain tar éis fhorchur an Dlí Slándála Náisiúnta, lena n-áirítear cásanna cúirte ardphróifíle. Leanadh den chreimeadh ar ardleibhéal neamhspleáchais Hong Cong agus ar shaoirsí agus cearta bunúsacha mhuintir Hong Cong, d’ainneoin oibleagáid dhlíthiúil na Síne iad a choinneáil ar bun go dtí 2047 ar a laghad.

In 2025, lean trialacha ar aghaidh i gcoinne gníomhaithe, abhcóidí agus polaiteoirí a bhí ar son an daonlathais faoi Dhlí Slándála Náisiúnta 2020 (NSL) agus faoi reachtaíocht eile. I mí na Nollag, chiontaigh an chúirt Jimmy Lai, fiontraí sna meáin agus abhcóide ar son an daonlathais, ar chúiseanna slándála náisiúnta agus ar chúiseanna ceannairce. Bhí moill shuntasach ar an triail agus mhair sí ar feadh 2 bhliain. Tá Lai faoi choimeád go leanúnach ó bhí an 31 Nollaig 2020 ann, i ngaibhniú aonair go príomha.

Sa chás a tugadh in aghaidh cheannairí Chomhghuaillíocht Hong Cong chun Tacú le Gluaiseachtaí Daonlathacha Tírghrácha sa tSín, a d’eagraigh bigilí ag comóradh chniogbheartaíocht Tiananmen 1989 in aghaidh agóidí ar son an daonlathais sa tSín, cuireadh

an triail siar den dara huair agus rinneadh í a athsceidealú le tosú an 21 Eanáir 2026. Tá go leor de na cosantóirí faoi choimeád ó bhí mí Mheán Fómhair 2021 ann, i ngaibhniú aonair ar feadh tréimhsí fada i roinnt cásanna.

Reáchtáladh na himeachtaí achomhairc le haghaidh 12 pholaiteoir agus ghníomhaí ar son an daonlathais a ciontaíodh faoin Dlí Slándála Náisiúnta as páirt a ghlacadh i bpríomhthoghchán 2020 idir an 14 Iúil agus an 17 Iúil. Chiontaigh an chúirt 45 as na 47 gcosantóir sa chás bunaidh, dá ngairtear ‘Hong Cong 47’ de ghnáth, i mí na Bealtaine 2024.

Thionscain na húdaráis ionchúisimh nua freisin faoin Dlí Slándála Náisiúnta agus faoin Reacht um Shlándáil Náisiúnta a Chosaint. An 6 Meitheamh, cúisíodh an gníomhaí Joshua Wong as an nua as ‘comhcheilg chun dul i mbun claonpháirteachais le fórsaí eachtracha’. Tá téarma príosúnachta 4 bliana agus 8 mí á chur isteach ag Wong faoi láthair mar chuid de chás treascartha ‘Hong Cong 47’. Bhí coinne leis ar dtús go scaoilfí saor é i mí Eanáir 2027. I mí na Nollag 2025, d’agair na húdaráis na cionta ‘dochar a dhéanamh d’imscrúdú ar chionta lena gcuirtear an tslándáil náisiúnta i mbaoi’ agus ‘druileáil neamhdhleathach’ a cruthaíodh faoin Reacht um Shlándáil Náisiúnta a Chosaint, ar a dtugtar reachtaíocht Airteagal 23 freisin, a ritheadh in 2024. Ionchúisíodh Kwok Yin-sang, athair an ghníomhaí ar deoraíocht Anna Kwok, as iarracht a dhéanamh déileáil le sócmhainní airgeadais a iníne, cion nua eile a cruthaíodh faoin Reacht um Shlándáil Náisiúnta a Chosaint. Is é seo an chéad chás inar cúisíodh gaol le gníomhaí a bhfuiltear sa tóir air i gcion slándála náisiúnta.

Agus an Dlí Slándála Náisiúnta á chur i bhfeidhm go seach-chríochach, d’eisigh údaráis Hong Cong barántais ghabhála le deoraithe in aghaidh 15 ghníomhaí eile thar lear as a rannpháirtíocht líomhnaithe san eagraíocht ‘Parlaimint Hong Cong,’ lena n-áirítear saoránach Eorpach a bhfuil cónaí air sa Ghearmáin. Ar an iomlán, d’eisigh na póilíní barántais ghabhála a bhí dírithe ar 34 dhuine aonair a bhí ina gcónaí thar lear.

Bhí tuilleadh rialuithe cúirte ann in 2025 lenar tacaíodh le cearta daoine LADTIA a chur chun cinn. Mar sin féin, dhiúltaigh an Chomhairle Reachtach do dhréacht-bhille a bhí beartaithe chun creat malartach a bhunú le haghaidh comhpháirtíochtaí comhghnéis, ceanglas a d’fhorchuir Cúirt Achomhairc Deiridh Hong Cong i mí Mheán Fómhair 2023; tá bearta riaracháin feabhais fós le fógairt.

Chuir an tAontas imní in iúl arís agus arís eile faoi chreimeadh ardleibhéal neamhspleáchais Hong Cong agus na saoirsí bunúsacha, i ráitis phoiblí agus i malartuithe príobháideacha araon le hoifigiú ó Hong Cong agus ón Rialtas Láir.

D’eisigh Urlabhraí an Aontais ráitis maidir le Hong Cong inar cumhdaíodh na saincheisteanna seo a leanas:

- 30 Meitheamh 2025 – Ráiteas ón Urlabhraí ar chomóradh 5 bliana an Dlí Slándála Náisiúnta¹
- 31 Iúil 2025 – Ráiteas ón Urlabhraí maidir le barántais ghabhála sheach-chríochacha²

¹ Ráiteas ón Urlabhraí ar chomóradh 5 bliana an Dlí Slándála Náisiúnta, an 30 Meitheamh 2025, le fáil ag:

https://www.eeas.europa.eu/eeas/hong-kong-statement-spokesperson-fifth-anniversary-national-security-law_en.

² Ráiteas ón Urlabhraí maidir le barántais ghabhála sheach-chríochacha, an 31 Iúil 2025, le fáil ag: https://www.eeas.europa.eu/eeas/hong-kong-statement-spokesperson-extraterritorial-arrest-warrants_en.

- 15 Nollaig 2025 – Ráiteas ón Urlabhraí maidir leis an bhfíorasc a tugadh i gcás Jimmy Lai³

Cumhdaíodh na saincheisteanna seo a leanas i bpostáil Urlabhraí an Aontais ar X (ar a dtugtaí Twitter roimhe seo) ar Hong Cong:

- 22 Feabhra 2025 – Postáil ó Urlabhraí an Aontais maidir leis an spás don tsochaí shibhialta a chúngú a thuilleadh⁴
- 4 Meitheamh 2025 – Postáil ó Urlabhraí an Aontais ar chomóradh 36 bliain imeachtaí Chearnóg Tiananmen⁵
- 29 Samhain 2025 – Postáil ó Urlabhraí an Aontais ar thragóid dóiteáin Tai Po⁶

Cumhdaíodh an tsaincheist seo a leanas a bhaineann le cearta an duine i bpostáil Oifig an Aontais Eorpaigh ar X (ar a dtugtaí Twitter roimhe seo) maidir le Hong Cong:

- 11 Meán Fómhair 2025 – Postáil ar thiomantas an Aontais do chearta LADTIA+⁷

Cumhdaíodh na saincheisteanna seo a leanas i ráitis an Ghrúpa Seacht (G7) maidir le Hong Cong:

- 8 Lúnasa 2025 - Ráiteas Shásra Mearfhreagartha G7 maidir le Barántais Ghabhála Hong Cong⁸
- 17 Nollaig 2025 – Ráiteas ó Airí Gnóthaí Eachtracha G7 maidir le fíorasc Jimmy Lai i Hong Cong⁹

Chuir an tAontas i dtábhacht an inní atá air faoi fhorbairtí i Hong Cong sa ráiteas a léadh ag an 80ú Seisiún de Thriú Coiste Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe: Díospóireacht Ghinearálta an 3 Deireadh Fómhair¹⁰. Sa 60ú Seisiún de Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, chuir an tAontas ábhair inní in iúl maidir leis an staid i Hong Cong ag Díospóireacht Ghinearálta Mhír 4 maidir le Staideanna Chearta an Duine ar gá don Chomhairle

³ Ráiteas ón Urlabhraí maidir leis an bhfíorasc a tugadh i gcás Jimmy Lai, an 15 Nollaig 2025, le fáil ag:

https://www.eeas.europa.eu/eeas/hong-kong-statement-spokesperson-verdict-jimmy-lai-case-15-december-2025_en.

⁴ Postáil le hUrlabhraí an Aontais maidir leis an spás don tsochaí shibhialta a chúngú a thuilleadh, an 22 Feabhra 2025, le fáil ag:

<https://x.com/ExtSpoxEU/status/189300273827272217>.

⁵ Postáil le hUrlabhraí an Aontais ar chomóradh 36 bliain imeachtaí Chearnóg Tiananmen, an 4 Meitheamh 2025, le fáil ag:

<https://x.com/ExtSpoxEU/status/1930307246191239378>.

⁶ Postáil le hUrlabhraí an Aontais ar thragóid dóiteáin Tai Po, an 29 Samhain 2025, le fáil ag:

<https://x.com/ExtSpoxEU/status/1994669852435644471?s=20>.

⁷ Postáil chun tiomantas an Aontais do chearta LADTIA+ a athdhearbhú, an 11 Samhain 2025, le fáil ag:

<https://www.facebook.com/share/p/1D3SVRQM7a/>

⁸ Ráiteas ó Shásra Mearfhreagartha G7 maidir le Barántais Ghabhála Hong Cong, an 8 Lúnasa 2025, le fáil ag:

https://www.canada.ca/en/global-affairs/news/2025/08/g7-rapid-response-mechanism-rrm-statement-on-hong-kong-arrest-warrants.html?fbclid=IwY2xjawOoqMBleHRuA2FlbQlXMAbicmlkETF4NkJOdko2N0VMM0I1UFoyc3JOYwZhcHBfaWQQMjIyMDM5MTc4ODIwMDg3MgABHvQGEilv3q9YANbN4Ys05wBMfLgNRzBXCkR2TqrsQvdo5VOMpXMQAZvIvPdJ_aem_UvVyQSGAGfU8V0bUbZ3KfQ.

⁹ Ráiteas Airí Gnóthaí Eachtracha G7 maidir le fíorasc Jimmy Lai i Hong Cong, an 17 Nollaig 2025, le fáil ag: <https://g7.canada.ca/en/news-and-media/news/g7-foreign-ministers-statement-on-the-jimmy-lai-verdict-in-hong-kong/>.

¹⁰ Ráiteas ón Aontas — An triú Coiste de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe: Díospóireacht Ghinearálta, an 3 Deireadh Fómhair 2025, le fáil ag: https://www.eeas.europa.eu/delegations/un-new-york/eu-statement-%E2%80%93-un-general-assembly-3rd-committee-general-debate_en?s=63.

aird a thabhairt orthu, a bhí ar siúl an 23 Meán Fómhair¹¹. D’athdhearbhaigh an tAontas go raibh ‘imní fós air faoi staid chearta an duine agus faoin laghdú atá ag teacht ar an spás sibhialta i Hong Cong.’ Thathantaigh an tAontas ar ‘Rialtas na Síne agus ar údarais Hong Cong lánurraim don smacht reachta, do shaoirsí bunúsacha agus do phrionsabail dhaonlathacha a athbhunú.’

Chuir an tAontas in iúl freisin gur cúis imní dó ‘úsáid dhiansmachtuil na reachtaíochta slándála náisiúnta a leanann den bhonn a bhaint de chearta an duine agus de shaoirsí bunúsacha’ ag an 40ú seisiún den Idirphlé idir an tAontas agus an tSín maidir le Cearta an Duine a reáchtáladh an 13 Meitheamh sa Bhruiséil. D’iarr an tAontas freisin go scaoilfí saor láithreach agus gan choinníoll an saoránach Briotanach Jimmy Lai agus cosantóir chearta an duine Chow Hang-tung.

In 2025, tháinig fás ar gheilleagar Hong Cong don tríú bliain as a chéile, agus chonacthas méadú 3,5 % ar olltáirgeacht intíre (OTI) bliain ar bhliain agus chonacthas fás eacnamaíoch ar thacaigh seirbhísí airgeadais chomh maith le trádáil agus lóistíocht leis. Bhí dúshlán roimh thionscail na tógála, na réadmhaoine agus na turasóireachta le linn na bliana. In 2025, ba é an tAontas fós an pobal gnó eachtrach ba mhó i Hong Cong nach pobal de chuid na Síne é arna thomhas de réir líon na gcuideachtaí. Ba é Hong Cong an deichiú comhpháirtí is mó ar domhan a bhí ag an Aontas maidir le trádáil seirbhísí, an naoú foinse is mó de stoc infheistíochta díri coigríche (IDC) isteach san Aontas agus an ceathrú ceann scríbe déag is mó de stoc IDC an Aontais de réir Eurostat (in 2024, an bhliain is déanaí agus sonraí ar fáil tráth scríofa na tuarascála seo). Tá ról ag Hong Cong mar lárionad trádála, lóistíochta, agus seirbhísí gnó agus airgeadais, lena n-áirítear do chuideachtaí an Aontais.

I. Forbairtí polaitiúla agus sóisialta

Toghcháin reachtach na Comhairle

Tionóladh dara Olltoghchán na Comhairle Reachtaí 2025 do ‘thírghráthóirí amháin’ an 7 Nollaig, agus seoladh 90 reachtóir chuig an ochtú Comhairle Reachtach. Bhí ar gach iarrthóir pas a fháil i bpróiseas grinnfhiosrúcháin polaitiúil a cheanglaítear leis an dlí. As an 90, bhí 40 díobh ina gcomhaltaí céaduaire den Chomhairle Reachtach agus bhí 27 díobh, an líon is airde riamh, ina gcomhaltaí den Daon-Chomhdháil Náisiúnta (15) nó de Chomhdháil Chomhairleach Pholaitiúil Phobal na Síne (12) freisin, rud a bhí ina mhéadú ó thoghcháin 2021. Ar leithligh, ba fhostaithe nó stiúrthóirí boird i gcuideachtaí Mórthír na Síne iad leath ar a laghad de na reachtóirí tofa, méadú 60 % i gcomparáid le 4 bliana ó shin.

Chaith 31,9 %, nó 1,3 milliún vótálaí, vóta sa 20 suíochán de chuid na dToghlach Geografach a toghadh go díreach. Bhí an ráta sin níos mó ná an ráta 30,2 % a taifeadadh sa toghchán deireanach ach d’fhan sé ar an dara ráta is ísle ar taifead. Cé gur tháinig méadú 1,7 pointe céatadáin ar an ráta vótála, tháinig laghdú thart ar 33 000 ar an líon iomlán vótálaithe iarbhir de réir mar a tháinig laghdú 340 000 ar an mbonn toghthóirí. Tháinig méadú 50 % ar an líon vótaí neamhbhailí agus shroich sé 41 147 vóta, an líon is airde riamh.

Maidir leis an Toghlach Feidhmiúil, a dhéanann ionadaíocht den chuid is mó ar ghrúpaí tionscail agus sainleasa agus ina gcuirtear 30 suíochán ar ais trí thoghchán indíreach, shroich

¹¹ Ráiteas ón Aontas - HRC60 - Mír 4, Díospóireacht ghinearálta maidir le cásanna chearta an duine nach mór don Chomhairle aird a thabhairt orthu, an 23 Meán Fómhair 2025, le fáil ag: https://www.ecas.europa.eu/delegations/un-geneva/eu-statement-hrc60-item-4-general-debate-human-rights-situations-require-council%E2%80%99s-attention_en.

an ráta vótála carnach 40,09 % – méadú 7,87 bpointe céatadáin – arb ionann é agus 76 942 vótálaí. I dToghlach an Choiste Toghcháin, chaith 1 458 as 1 466 toghthóir cláraithe a mballóidí, rud a d'fhág go raibh ráta vótála 99,45 % ann – níos mó ná an ráta vótála 98,48 % a taifeadadh in 2021.

Bhí buiséad 70 % níos mó ag an Rialtas ar ghníomhaíochtaí chun toghcháin a chur chun cinn i gcomparáid le 4 bliana ó shin, arb ionann é agus costas de HKD 180 milliún (EUR 20 milliún). Chuir an Rialtas síneadh freisin leis na huaireanta vótála ó 08:30-22:30 a bhíodh ann de ghnáth go dtí 07:30-23:30. Bunaíodh ceithre chineál nua stáisiún vótála ainmnithe chun vótáil a éascú do státseirbhísigh, d'oibrithe leighis, do ghrúpaí mionlaigh eitnigh agus do chónaitheoirí scothaosta agus do chónaitheoirí faoi mhíchumas. Dúirt an Príomhfheidhmeannach gur 'dualgas' státseirbhíseach í an vótáil. Bhí an Rialtas ar thús cadhnaíochta freisin maidir le fóraim toghcháin a eagrú — le linn feachtais roimhe seo, d'eagraigh eagraíochtaí meán na fóraim sin.

An tráth céanna, ghabh an Coimisiún Neamhspleách in aghaidh an Éillithe 11 dhuine as a bheith ag gríosú daoine eile gan vóta a chaitheamh nó vótaí neamhbhailí a chaitheamh sa toghchán agus d'ionchúisigh sé triúr díobh. D'eisigh an ghníomhaireacht frithbheangaithe, atá i gceannas freisin ar chionta a bhaineann le toghcháin a ionchúiseamh, barántais ghabhála do bheirt atá lonnaithe thar lear a bhfuil amhras fúthu go ndearna siad postálacha den sórt sin ar na meáin shóisialta ar líne. Ina theannta sin, ghabh na póilíní 29 nduine ar a laghad mar gheall ar dhamáiste coiriúil líomhnaithe do phóstaeir a chuir an toghchán chun cinn, lena n-áirítear náisiúnach Spáinneach 66 bliain d'aois. Tugadh dhá chás ar a laghad os comhair na cúirte.

Thug an comhlacht rialtais láir atá lonnaithe i Hong Cong an Oifig um Shlándáil Náisiúnta a Chosaint le fios an 6 Nollaig – lá amháin roimh an toghchán – go raibh 'toghairm' curtha aige ar eagraíochtaí meán eachtracha agus ar iriseoirí eachtracha as an rud ar a dtugtar 'ionsaí a dhéanamh ar thoghcháin na Comhairle Reachtaí agus cur isteach orthu.' Gníomhaíocht gan fasach ab ea é sin.

D'ardaigh breathnóirí ceisteanna faoin gcomhordú a bhí á dhéanamh ag na hÚdaráis lárnacha ar iarrthóireachtaí. Chláraigh 161 iarrthóir san iomlán sa toghchán, agus bhí siad in iomaíocht i ngach suíochán. Níor éirigh le haon duine den dáréag reachtóirí atá 70 bliain d'aois nó níos sine ná leis na reachtóirí a measadh a bheith róchriticiúil atoghadh a lorg. Dhiúltaigh Oifig Oibre Hong Cong agus Macao, atá lonnaithe i mBéising, 'liosta ceadaithe' iarrthóirí a bheith ann i dtírí phíosa tráchta ar a laghad a athphostáladh ar a suíomh gréasáin.

Sa tréimhse roimh toghcháin na Comhairle Reachtaí, lean an spás atá fágtha le haghaidh iolrachas polaitiúil de bheith ag dul i léig. Díscaoileadh an chuid eile de pháirtithe freasúra polaitiúla Hong Cong faoi bhrú mór polaitiúil. Chuir an Páirtí Daonlathach, a bhí ar an bpáirtí is mó i reachtas an tSainréigiúin Riaracháin tráth den saol, tús leis an bpróiseas díscaoilte an 13 Aibreán agus thug sé chun críche é le vóta ó chomhthionól ginearálta den pháirtí an 14 Nollaig. An 29 Meitheamh, d'fhógair Conradh na nDaonlathaithe Sóisialta a dhíscaoileadh, agus luaigh sé 'brú ollmhór polaitiúil'.

Le linn théarma 4 bliana an seachtú Comhairle Reachtach, ritheadh 130 bille Rialtais, méadú 60 % i gcomparáid leis an téarma roimhe sin. Ba é an t-aon tionscadal reachtach a thug an Rialtas isteach agus ar dhiúltaigh an Chomhairle Reachtach dó an Bille um Chlárú Comhpháirtíochtaí Comhghnéis. Níor sheol an reachtas aon toscaireacht chuig an Eoraip ná chuig Meiriceá Thuaidh le linn a théarma reatha 4 bliana, an chéad cheann ó 1997 i leith.

I mí Iúil 2025, d'fhormheas reachtóirí d'aon toil 'Cód nua do Chomhaltaí na Comhairle Reachtaí' inar sonraíodh ceanglais maidir le freastal, vótáil agus dualgais eile a chomhlíonadh agus pionóis níos déine á dtabhairt isteach an tráth céanna as mí-iompar. Sonraíodh sa chód iompair nua freisin go '[m]beidh eagraíochtaí ar thús cadhnaíochta maidir leis an dualgas a chomhlíonadh go coinsiasach chun an tslándáil náisiúnta a chosaint agus chun feabhas a chur ar a bhfeasacht agus ar a gcumais maidir leis an tslándáil náisiúnta a chosaint'. Sonraítear sa chód freisin nár cheart do reachtóirí 'inchreidteacht rialachais an Phríomhfheidhmeannaigh agus Rialtas an tSainréigiúin Riaracháin a dheimhniú d'aon ghnó'.

Reáchtáladh Fothoghcháin Fho-earnáil an Choiste Toghcháin 2025 an 7 Meán Fómhair. Chaith thart ar 3 534 vótálaí cláraithe – arb ionann é agus ráta vótála 97,33 % – a mballóid le haghaidh 21 shuíochán sa Choiste, atá comhdhéanta de 1 500 duine, atá freagrach as an bPríomhfheidhmeannach agus 40 suíochán sa Chomhairle Reachtach a roghnú.

Reachtaíocht slándála náisiúnta a chur chun feidhme

In 2025, rinneadh comóradh 5 bliana ar fhorschur an Dlí Slándála Náisiúnta. D'athdhearbhaigh oifigigh rialtais gur 'gealltanais leanúnach gan teorainn í an tslándáil náisiúnta'.

Ón 1 Nollaig, rinne na póilíní 365 ghabháil faoin Dlí Slándála Náisiúnta, faoin Reachtaíocht um Shlándáil Náisiúnta a Chosaint agus faoi reachtaíocht slándála náisiúnta eile. I mí an Mheithimh, d'fhógair an Rúnaí Slándála go raibh os cionn 920 000 tuairisc faighte ag an mbeolín slándála náisiúnta le 4 bliana anuas.

I mí na Bealtaine, ghlac an Rialtas dhá phiosa reachtaíochta coimhdí faoin Reachtaíocht um Shlándáil Náisiúnta a Chosaint i bpróiseas nár mhair ach 3 lá: reachtóirí a chur ar an eolas faoin bplean reachtach an 11 Bealtaine, dul i gcomhairle le reachtóirí an 12 Bealtaine agus an bille a sheoladh an 13 Bealtaine.

Leagadh síos i gceann amháin den dá phiosa reachtaíochta coimhdí mionsonraí maidir le cur chun feidhme an Reachtaíochta um Shlándáil Náisiúnta a Chosaint. Cruthaíodh cúig chion i ndáil le hobair na hOifige Mórhíre um Shlándáil Náisiúnta a Chosaint (OSNS) i Hong Cong, is é sin:

- gan doiciméad dlíthiúil arna eisiúint ag an Oifig Mórhíre um Shlándáil Náisiúnta a Choimirciú a chomhlíonadh gan leithscéal réasúnach,
- ráitis bhréagacha nó mhíthreoracha a thabhairt don Oifig Mórhíre um Shlándáil Náisiúnta a Choimirciú,
- nochtadh imscrúdaithe ag an Oifig Mórhíre um Shlándáil Náisiúnta a Choimirciú,
- cur in aghaidh obair na hOifige Mórhíre um Shlándáil Náisiúnta a Choimirciú nó bac a chur uirthi go toiliúil; agus,
- pearsanú a dhéanamh ar bhall foirne den Oifig Mórhíre um Shlándáil Náisiúnta a Choimirciú.

Leis an dlí coimhdeach, tugadh isteach pionós uasta nua príosúnachta 7 mbliana agus fineáil HKD 500 000 (EUR 56 700).

An 15 Bealtaine, chuir an Rúnaí Dlí agus Cirt i bhfios go láidir go bhfuil sé d'oibleagáid ar aon duine a fhaigheann iarraidh ón Oifig Mórhíre um Shlándáil Náisiúnta a Choimirciú chun faisnéis a chur isteach déanamh de réir na hiarrata sin, fiú nuair a chumhdaítear an fhaisnéis le comhaontú neamhnachta.

Dearbhaíodh sa phíosa eile den reachtaíocht choimhdeach gur áiteanna toirmisce iad sé áitreabh ainmnithe de chuid na hOifige Mórhíre um Shlándáil Náisiúnta a Choimirciú.

An 12 Meitheamh, rinne an Oifig Mórhíre um Shlándáil Náisiúnta a Choimirciú agus Roinn Slándála Náisiúnta Fhórsa Póilíneachta Hong Cong a gcéad oibríocht chomhpháirteach atá ar eolas ag an bpobal. De réir na n-údarás, bhí amhras ann go ndearna seisear agus eagraíocht an cion ‘claonpháirteachas le tír eachtrach nó le gnéithe seachtracha chun an tslándáil náisiúnta a chur i mbaol’ faoin Dlí Slándála Náisiúnta idir mí na Samhna 2020 agus mí an Mheithimh 2024. Rinne póilíní Hong Cong ruathar ar thithe amhrastach agus oifig eagraíochta agus choigistigh siad doiciméid taistil na n-amhrastach.

An 14 Meitheamh, mhínigh an Rúnaí Slándála gur iarr Oifig Slándála Náisiúnta an Rialtais Láir atá lonnaithe i Hong Cong cúnamh ó phóilíní Hong Cong chun a fháil amach an raibh imthosca ann chun go bhfeidhmeodh an Oifig Slándála Náisiúnta dlínse i gcás slándála náisiúnta i Hong Cong faoi fhormheas an Rialtais Phobail Láir – cumhacht a chumhdaítear in Airteagal 55 den Dlí Slándála Náisiúnta. Ag deireadh 2025, níor ionchúisíodh an cás agus ní fios fós cé hiad na daoine aonair agus na heagraíochtaí lena mbaineann.

Leanadh d’imeachtaí breithiúnacha maidir leis na cásanna a cúisíodh faoin Dlí Slándála Náisiúnta, faoin Reacht um Shlándáil Náisiúnta a Chosaint agus faoi reachtaíocht ghaolmhar eile in 2025, agus bhí moilleanna suntasacha i gcásanna áirithe. Tá roinnt mhaith de na cosantóirí faoi choimeád ó bhí lár 2021 ann, i ngaibhniú aonair fada i gcásanna áirithe.

Reáchtáladh na himeachtaí achomhairc le haghaidh 12 pholaiteoir agus ghníomhaí ar son an daonlathais a ciontaíodh faoin Dlí Slándála Náisiúnta as a bheith rannpháirteach i bpríomhthoghchán 2020 idir an 14 agus an 17 Iúil. Chiontaigh an chúirt 45 as na 47 gcosantóir sa chás bunaidh, dá ngairtear ‘Hong Kong 47’ de ghnáth, i mí na Bealtaine 2024, agus d’éigiontaigh sí beirt. D’iarr 12 chosantóir a ciontaíodh i ‘gcomhcheilg chun treascairt a dhéanamh’ téarmaí príosúin níos éadroime nó chun a gciontuithe a chur ar ceal agus rinne an t-ionchúisitheoir agóid in aghaidh an rialaithe éigiontaíthe ar chosantóirí amháin. Rinne an t-ionchúiseamh achomharc chun éigiontú amháin a chur ar ceal. Tugadh fíoras an achomhairc i mí Feabhra 2026.

Idir an dá linn, scaoileadh saor 14 as na 45 chosantóir ar a dtéarmaí príosúnachta a thabhairt i gcrích. Ina measc, ba é Andrew Chiu an chéad chiontóir slándála náisiúnta a fuair loghadh pianbhreithe ón Roinn Seirbhísí Ceartúcháin agus scaoileadh saor é an 28 Deireadh Fómhair. D’oibrigh Chiu le hionchúisitheoirí chun fianaise a thabhairt in aghaidh 16 dá iar-chomrádaithe a phléadáil neamhchiontach, rud lenar éirigh leis loghadh a bhaint amach dá phianbhreithe bhunaidh 7 mbliana¹².

Triail an Dlí Slándála Náisiúnta in aghaidh Chomhghuaillíocht Hong Cong chun Tacú le Gluaiseachtaí Daonlathacha Tírghrácha na Síne (Comhghuaillíocht Hong Cong), a bhí le tosú an 11 Samhain 2025, cuireadh siar í den dara huair agus rinneadh í a athsceidealú le tosú an 22 Eanáir 2026. Mairfidh an triail 75 lá. Bhíodh grúpa na sochaí sibhialta atá díscailte anois ag eagrú bhigil bhliantúil Hong Cong faoi sholas coinnle chun comóradh a dhéanamh ar

¹² I gcás cúirte ar leithligh, rialaigh an Chúirt Achomhairc an 24 Meitheamh nach raibh sé d’oibleagáid ar an Roinn Seirbhísí Ceartúcháin breithniú a dhéanamh ar scaoileadh saor luath a dheonú do Adam Ma – agóideoir a ciontaíodh as scaradh – tar éis téarma príosúnachta a ghearradh air. Cuireadh i bhfios go láidir sa bhreithiúnas go raibh aon laghdú pianbhreithe lánroghnach agus nach sárófaí a gceart chun saoirse dá ndíoltófaí príosúnach a scaoileadh saor go luath.

chniobheartaíocht Tiananmen 1989. Chuir an t-ionchúisitheoir cúiseanna i leith Chomhghuaillíocht Hong Cong agus a príomhchomhaltaí ‘as gríosú chun treascartha’. Is é príosúnacht saoil an pionós uasta. Chinn Albert Ho, duine de na cosantóirí, pléadail ciontach sa chás.

I gcás gaolmhar, an 6 Márta, chuir an Chúirt Achomhairc Deiridh ar ceal ciontuithe triúr iarchomhaltaí de Chomhghuaillíocht Hong Cong, lena n-áirítear an leaschathaoirleach Chow Hang-tung, toisc nár chomhlíon sé iarrataí póilíneachta faoin Dlí Slándála Náisiúnta.

I dtríail an Dlí Slándála Náisiúnta agus ceannairce a tugadh in aghaidh Jimmy Lai, fiontraí meán agus gníomhaí ar son an daonlathais, thug an Ard-Chúirt fíorasc ciontach ar dhá chúiseamh faoin Dlí Slándála Náisiúnta an 15 Nollaig (‘comhcheilg chun claonpháirteachas a dhéanamh le tír eachtrach nó le heilimintí seachtracha chun an tslándáil náisiúnta a chur i mbaoil’) agus chúiseamh amháin faoin dlí ceannairce ón ré choilíneach (‘comhcheilg chun foilseacháin cheannairceacha a phriontáil, a fhoilsiú, a dhíol, a thairiscint lena ndíol, a dháileadh, a thaispeáint agus/nó a atáirgeadh’). In éineacht le Lai, ciontaíodh trí chuideachta atá nasctha leis an nuachtán Apple Daily atá imithe in éag anois freisin. Phléadail seisear iar-iriseoirí de chuid Apple Daily ciontach i mí na Samhna 2022.

Bhí moilleanna suntasacha ar an triail. Mhair sí ar feadh 156 lá seachas an 83 lá a réamh-mheasadh ar dtús. Áiríodh sa bhreithiúnas tagairt shubstaintiúil d’fhocail agus do ghníomhaíochtaí Lai ón tráth sular tháinig an Dlí Slándála Náisiúnta i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2020. Cumhdófar an próiseas maolaithe agus an phianbhreith i dtuarascáil bhliantúil 2026 toisc gur tharla siad in 2026.

Tá imní curtha in iúl go leanúnach ag teaghlach Lai faoi dhálaí príosúnachta agus staid sláinte an fhir atá 78 bliain d’aois.

Tar éis an fhíoraíse, chuir roinnt mhaith oifigeach uachtarach de chuid Hong Cong in iúl go dtacaíonn siad leis an rialú, rialú nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo i gcomhthéacs cás cúirte i Hong Cong. D’fhoilsigh Oifig Choimisinéir Aireacht Gnóthaí Eachtracha Dhaon-Phoblacht na Síne i Hong Cong naoi n-airteagal idir an 15 agus an 23 Nollaig, lenar athdhearbhíodh a tacaíocht don rialú agus lenar bréagnaíodh an cáineadh.

Ina theannta sin, in 2025, rinne Lai achomharc in aghaidh a chiontuithe agus a phianbhreitheanna a bhain lena rannpháirtíocht i mbigil faoi sholas coinnle an 4 Meitheamh in 2020 chomh maith le cás calaoise ar leith a bhaineann le Apple Daily.

An 6 Meitheamh, **cúisíodh an gníomhaí Joshua Wong as an nua as ‘comhcheilg chun dul i mbun claonpháirteachais le fórsaí eachtracha’** faoin Dlí Slándála Náisiúnta. Tugadh Wong os comhair na cúirte an 6 Meitheamh toisc gur líomhain ionchúisitheoirí go raibh comhcheilg déanta aige leis an iar-reachtóir Nathan Law a bhí ar deoraíocht agus le daoine eile idir an 1 Iúil agus an 23 Samhain 2020 chun iarraidh ar eagraíochtaí eachtracha smachtbhannaí a fhorchur nó gníomhaíochtaí naimhdeacha a dhéanamh in aghaidh Shainréigiún Riaracháin Hong Cong nó Dhaon-Phoblacht na Síne. Tá téarma príosúnachta 4 bliana agus 8 mí á chur isteach ag Wong faoi láthair mar chuid de chás treascartha ‘Hong Cong 47’ agus bhí coinne leis go scaoilfí saor é i mí Eanáir 2027. D’fhéadfadh sé téarma príosúnachta breise a fháil idir 3 bliana go dtí téarma príosúnachta saoil.

I mí Mheán Fómhair, dhiúltaigh an Chúirt Achomhairc d'iarraidh ó **Wong Kin-Chung, ar a dtugtar Joseph John freisin**, náisiúnach Portaingéalach agus cónaitheoir Briotanach, a ciontaíodh as 'gríosú chun scartha' achomharc a dhéanamh ag an gCúirt Achomhairc Deiridh chun agóid a dhéanamh in aghaidh a théarma príosúnachta 5 bliana. Ansin rinne sé iarratas a chomhdú go díreach leis an gCúirt Achomhairc Deiridh, ar diúltaíodh dó freisin i mí na Samhna.

An 15 Nollaig, gearradh téarma príosúnachta ar dhéagóir 16 bliana d'aois ar feadh 3 bliana go leith tar éis dó pléadail ciontach i gcomhcheilg chun scaradh a dhéanamh.

Le linn na bliana, thionscain na húdaráis ionchúisimh nua faoin Reacht um Shlándáil Náisiúnta a Chosaint inar agraíodh cionta. Gabhadh deichniúr as **'druileáil neamhdhleathach'** — cion faoi Airteagal 13 den Reacht um Shlándáil Náisiúnta a Chosaint a léirigh oiliúint mhíleata — go luath i mí na Nollag; cúisíodh beirt acu as cúiseamh amháin de 'chomhcheilg chun treascairt a dhéanamh' an 15 Nollaig. Cúisíodh Wong Kwok-Ngon, a bhfuil an t-ainm cleite Wong On-yin air, as **'dochar a dhéanamh d'imscrúdú ar chionta a chuireann an tslándáil náisiúnta i mbaol'** (trí shonraí a nochtadh faoi fhiosrúcháin a rinne na póilíní le linn imscrúdú slándála náisiúnta) – cion faoi Airteagal 88 den Reacht um Shlándáil Náisiúnta a Chosaint – agus as ceannairc an 9 Nollaig.

I gcás Kwok Yin-sang, athair an ghníomhaí 'a rabhthas sa tóir air' Anna Kwok, ar cuireadh ina leith gur láimhseáil sé **'cistí nó sócmhainní airgeadais eile'** a bhain lena iníon, tugadh an triail 4 lá chun críche an 23 Nollaig agus tá coinne leis an bhfíorasc an 11 Feabhra 2026. Is é seo an chéad chás ina gcúisítear gaol le gníomhaí a bhfuiltear sa tóir air i gcion slándála náisiúnta.

Sa chás **Stand News**, inar ciontaíodh beirt iar-phríomheagarthóirí i mí Mheán Fómhair 2024 faoin dlí ceannairce ón ré choilíneach, rinne duine de na heagarthóirí iarratas ar achomharc i mí an Mheithimh 2025. Tá an triail achomhairc beartaithe do mhí Mheán Fómhair 2026. I gcás ceannairce eile, sheas an Chúirt Achomhairc Deiridh le ciontú an ghníomhaí Tam Tak-chi an 6 Márta.

Lean na Cúirteanna de chásanna a bhaineann le hagóidí 2019 a phróiseáil. De réir Bhreithiúna Hong Cong, ó mhí Aibreáin 2025 ar aghaidh, phróiseáil na Cúirteanna 96 % de na cásanna gan réiteach a bhain le hagóidí 2019.

Éigiontaíodh an t-iar-reachtóir ar son an daonlathais Lam Cheuk-ting an 6 Samhain i leith reachtóirí ar son Bhéising a 'ionsaí nó bac a chur orthu' le linn cruinniú anordúil a bhain leis an mbille conspóideach eiseachadta in 2019. An 27 Feabhra, fuair sé téarma príosúin 37 mí as páirt a ghlacadh i 'gcíríib' ag stáisiún MTR Yuen Long an 21 Iúil 2019, áit a ndearna mana bán ionsaí ar agóideoirí ar son an daonlathais.

I mí an Mhárta, sheas an Chúirt Achomhairc le rialú éigiontaithe Chathaoirleach an Pháirtí Dhaonlathaigh Lo Kin-hei, ar cuireadh de chúram air páirt a ghlacadh i dtionól neamhdhleathach in 2019, roimh a thréimhse mar chathaoirleach an pháirtí.

Sa dara triail sa chathair faoi Reacht na Náisiún Aontaithe (Bearta Frithsceimhlitheoireachta), tar éis triail 163 lá, d'éigiontaigh an giúiré gach duine den seachtar cosantóirí sceimhlitheoireachta an 4 Meán Fómhair ach chiontaigh siad triúr as a bheith i mbun comhcheilge chun ionsaithe buamaí a dhéanamh le linn agóidí 2019 faoin Dlí

Slándála Náisiúnta. Ghearr an chúirt téarmaí príosúnachta idir 16 bliana agus 8 mí agus 18 mbliana ar an triúr a ciontaíodh. Cúisíodh duine den seachtar a éigiontaíodh an 30 Deireadh Fómhair as comhcheilg a dhéanamh chun daoine eile a ghríosú chun círeibe in 2019.

I mí Aibreáin, ciontaíodh **an t-oibrí sóisialta Jackie Chen** agus cuireadh i bpríosún é ar feadh 45 mhí tar éis atriail; ina dhiaidh sin i mí an Mheithimh, chuir an Bord Clárúcháin Oibre Sóisialta a ceadúnas gairmiúil ar ceal.

Roinnt mhaith de na **6 000 agóideoir a gabhadh le linn agóidí 2019 ach nár cúisíodh go fóill**, tá siad fós faoi bhannaí go dtí go ndéanfar imscrúduithe póilíneachta agus cinntí ionchúisimh. In 2025, líomhnaítear gur thosaigh na húdaráis ar athshlánú dlíthiúil a dheonú do chuid díobh siúd a ndearnadh difear dóibh in aghaidh admháil shínithe ar éagóir agus gealltanais go seasfar leis an dlí.

Maidir le cúrsaí slándála náisiúnta, tá an smacht reachta i Hong Cong fós faoi bhrú mór. Leanann na húdaráis den fhreasúra polaitiúil agus de ghníomhaithe polaitiúla a ionchúiseamh faoin reachtaíocht slándála náisiúnta. Bhí moill shuntasach ar thrialacha slándála náisiúnta, coinneáil réamhthrialach fhada agus úsáid arís agus arís eile an ghaibhnithe aonair ina gcúiseanna inní breise. Tá inní fós ann go seasfar leis an gceart chun triail chóir a fháil i gcásanna slándála náisiúnta, a ndéanann breithiúna a phioctar de láimh iad a bhreithniú agus, go dtí seo, a sheoltar gan giúiré arna iarraidh sin don ionchúiseamh. Thairis sin, tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaineann na húdaráis as bearta riaracháin agus rialála (lena n-áirítear ceadúnais agus dintiúir ghairmiúla a chúlghairm, srianta ar an ionad, cigireachtaí nó iniúchtaí cánach) chun brú a chur ar ghníomhaithe, ar iriseoirí agus ar an tsochaí shibhialta. Tá tionchar mór ag na forbairtí sin ar chóras breithiúnach dhlí coiteann Hong Cong. Cé go bhfuil an smacht reachta fós slán den chuid is mó lasmuigh de chásanna slándála náisiúnta, tá baol iarmharta ann.

Tá Hong Cong sa 24ú háit as 143 thír agus dhlínse ar fud an domhain in Innéacs 2025 maidir leis an Smacht Reachta a d'eisigh an Tionscadal Domhanda um Cheartas atá bunaithe sna Stáit Aontaithe an 28 Deireadh Fómhair, rud a laghdaigh aon áit amháin i gcomparáid leis an mbliain seo caite. Thit rangú Hong Cong i dtéarmaí cearta bunúsacha ón 62ú háit go dtí an 67ú háit.

Faoi dheireadh 2025, bhí seisear breithiúna neamhbhuana thar lear ag fónamh i gCúirt Achomhairc Deiridh Hong Cong — triúr ón Astráil, beirt ón Ríocht Aontaithe agus duine amháin ón Nua-Shéalainn. Ceapadh an breitheamh as an Nua-Shéalainn William Gillow Gibbes Austen Young mar bhreitheamh neamhbhuana. Cuireadh síneadh 3 bliana le téarma oifige an Bhreithimh Lord Hoffmann. Athcheapadh an Breitheamh Roberto Ribeiro mar bhreitheamh buan ag an gCúirt Achomhairc Deiridh.

Chinn Robert French, breitheamh as an Astráil, éirí as a ról mar bhreitheamh neamhbhuana i mí Aibreáin. Agus a chinneadh á mhíniú aige, chuir sé i bhfios go láidir go bhfuil 'ról na mbreithiúna neamhbhuana ar an gCúirt Achomhairc Deiridh ag éirí níos mí-aimseartha agus go bhféadfaí a áitiú gur rud cosmaideach é anois.' I mí Iúil, dúirt iar-uachtarán Chúirt Uachtarach na Ríochta Aontaithe, Lady Hale, go bhfuil sí 'níos cinnte anois gurb é an rud ceart é' éirí as Cúirt Achomhairc Deiridh Hong Cong mar bhreitheamh neamhbhuana thar lear in 2021. D'áitigh Hale 'go bhfuil an Dlí Slándála Náisiúnta ag teacht in ionad an Bhundlí.'

Leanann Hong Cong de chead a thabhairt d'abhcóidí atá ag cleachtadh i ndlínsí eile faoin dlí coiteann dul i mbun imeachtaí dlíthiúla. Le linn na bliana, áfach, chuir an Roinn Dlí agus Cirt

i gcoinne an abhcóide Bhriotanaigh Tim Owen a rinne ionadaíocht ar chosantóir i dtrial a bhaineann le Reacht na gCoireanna Eagraithe agus Tromchúiseacha. Tuairiscíodh gur eisíodh toirmeasc den sórt sin den chéad uair nuair a thug Comhlachas an Bharra a neamhagóid cheana féin.

Díríodh i gcónaí in 2025 freisin ar ‘slándáil náisiúnta’ a chomhtháthú i rialachas an tSainréigiúin Riaracháin.

An 25 Iúil, d’eisigh údaráis Hong Cong **barántais ghabhála agus díorthaí ar 19 ngníomhaí thar lear de chuid Hong Cong**, lena n-áirítear, den chéad uair, saoránach den Aontas. An 4 Lúnasa, d’ainmnigh an Rialtas 16 as na 19 mar ‘éalaitheoirí’ go hoifigiúil, rud a raibh srianta breise i gceist leis: Rinneadh pasanna Shainréigiún Riaracháin Hong Cong a chúlghairm i gcás 12 de na daoine aonair, agus cuireadh deireadh le pinsean iar-státseirbhísigh. D’eisigh na póilíní barántais ghabhála a bhí dírithe ar 34 dhuine ar an iomlán a bhí ina gcónaí thar lear faoi dheireadh na bliana.

I mí Feabhra, chuir Comhairle Daonlathais Hong Cong atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe in iúl gur thóg na póilíní 38 ngaol agus 12 dhuine chomhlachaithe i Hong Cong chun cúnamh a thabhairt d’imscrúduithe faoin reachtaíocht slándála náisiúnta ó dheireadh 2024 mar gheall ar a gcaidreamh pearsanta le gníomhaithe ‘a bhí ag teastáil’ thar lear.

An 2 Nollaig, chuir an Rúnaí Slándála cosc ar oibriú na heagraíochta ‘Parlaimint Hong Cong’ atá lonnaithe i gCeanada agus na heagraíochta ‘Aontas Neamhspleáchais Dhaonlathach Hong Cong’ atá lonnaithe sa Téaváin i Hong Cong. Ba é an chéad uair é a d’agair Rialtas Hong Cong a chumhachtaí faoin Reacht um Shlándáil Náisiúnta a Chosaint chun toirmeasc a chur ar eagraíochtaí a measadh a bheith treasrach.

I mí Mheán Fómhair, thug an Biúró Slándála treoirlíne do gach státseirbhíseach chun a bhfeasacht a mhúscailt maidir leis an tslándáil náisiúnta a chosaint.

Rinneadh comóradh 5 bliana ar an Dlí Slándála Náisiúnta le taispeántas i nGailearaí Taispeántais an Oideachais Slándála Náisiúnta i Músaem Staire Hong Cong.

An 18 Iúil, tháinig na ‘Rialacha Ginearálta maidir le Rialtas na bPríosún’ athbhreithnithe i bhfeidhm, rud a thug de chumhacht don Roinn Seirbhísí Ceartúcháin srian a chur ar rochtain príosúnach ar dhlíodóirí agus ar chuairteoirí eile ar fhorais slándála náisiúnta.

An 25 Meitheamh, rith an Chomhairle Reachtach Reacht na gCeardchumann (Leasú) 2025 – atá le teacht i bhfeidhm an 5 Eanáir 2026. Cuireann an dlí cosc, i measc forálacha eile, orthu siúd a chiontaítear i gcionta slándála náisiúnta poist cheannaireachta a bheith acu laistigh de cheardchumainn.

Leis an Treoir Riaracháin Scoile a eisíodh i mí na Bealtaine, ceanglaítear ar leabharlannaithe scoile acmhainní a bhaint ina bhfuil ‘eilimintí a chuireann an tslándáil náisiúnta i mbaol nó atá contrártha do leasanna na slándála náisiúnta.’ Tar éis nuashonrú i mí Lúnasa, sonraítear sa treoir freisin go bhfuil gníomhaíochtaí mac léinn le heagraíochtaí seachtracha ceaptha ‘gan ábhar a chuireann an tslándáil náisiúnta i mbaol a bheith i gceist, ná bolscaireacht pholaitiúil agus luachanna míchuí a chur chun cinn’.

Faoi tionscnamh maidir le ceamara faireachais ‘SmartView’, bhí ceamaraí TCI a suiteáladh cheana féin ag stáisiúin MTR agus ag eastáit tithíochta poiblí nasctha le líonra póilíneachta láraithe.

Tháinig ceisteanna chun cinn maidir leis an méadú atá ag teacht ar iarmhairtí an fhócais ar an tslándáil náisiúnta sa réimse gnó. I mí an Mheithimh, chuir an Roinn Sláinteachais Bia agus Comhshaoil coinníollacha slándála náisiúnta le beagnach 20 cineál ceadúnas agus ceadanna, lena n-áirítear bialanna, bÁCúis, búistéirí, linnte snámha agus parlúis suathaireachta. Is féidir na ceadanna sin a chúlghairm má ghabhann sealbhóirí nó a bhfostaithe agus a bhfochonraitheoirí d’aon ‘iompar ciontach’.

Leanadh de chiapadh a dhéanamh ar ghníomhaithe a bhfuil cónaí orthu thar lear. I mí na Nollag, seoladh litreacha a mhaíonn gur tháinig siad ó Carmen Lau, gníomhaí ar deoraíocht, ina raibh íomhánna di mar oibrí gnéis a bhí bréagach go digiteach, chuig a hiar-chomharsana sa Ríocht Aontaithe.

In 2025, chuir eagraíochtaí meán atá faoi rialú Bhéising i Hong Cong, Wen Wei Po agus Ta Kung Pao brú gníomhach ar eintitis éagsúla trí ‘fhrithsheasmhacht bhog’ a chur ina leith: Comhphobal Taighde na Libéire, an t-aonach leabhar neamhspleách, agus Institiúid Staidéir an Aigéin Chiúin agus na hÁise ag Ollscoil na Síne i Hong Cong as pobalbhreith a eisiúint ar rátáil formheasa an Phríomhfheidhmeannaigh.

Leanadh de na hiarrachtaí chun an tslándáil náisiúnta agus an t-oideachas tírghrách a neartú in 2025. Ar Lá Náisiúnta an Oideachais Slándála an 15 Aibreán, reáchtáil os cionn 300 náiscoil, bunscoil agus meánscoil ina raibh beagnach 160 000 dalta páirteach searmanais náisiúnta ardaithe brataí. D’iarr an Biúró Oideachais ar náiscoilleana searmanais ardaithe brataí a reáchtáil chun comóradh 5 bliana a dhéanamh ar an Dlí Slándála Náisiúnta a d’fhorchuir Béising an 30 Meitheamh agus chuir sé óráidí molta ar fáil d’oideoirí maidir le tábhacht na slándála náisiúnta. An 1 Iúil, d’eagraigh gach ceann de na hocht n-ollscoil a chistítear go poiblí searmanais ardaithe brataí chun comóradh a dhéanamh ar an aistriú.

D’eisigh an Biúró Oideachais treoirlíne nua lena dtugtar a churaclam bunscoile Béarla cothrom le dáta an 10 Meitheamh den chéad uair le 8 mbliana. Cé gur leagadh béim sa treoirlíne roimhe seo ar chead a thabhairt do dhaltáí ‘féachaint ar ábhair a bhfuil ualach luacha ag baint leo lena n-áirítear cearta an duine agus comhdheiseanna,’ díriodh sa leagan nua de ‘English Language Education Key Learning Area Curriculum Guide for Primary One to Primary Six [Treoir Churaclaim an Phríomhréimse Foghlama Oideachais i mBéarla le haghaidh Bhunscoil 1 go Bunscoil 6]’ ar ‘Oideachas luachanna a neartú, lena gcumhdaítear an t-oideachas náisiúnta lena n-áirítear oideachas tírghrách, oideachas slándála náisiúnta, agus oideachas saoil.’

An 3 Deireadh Fómhair, d’fhógair an Biúró Oideachais athruithe ar churaclaim meánscoile don stair agus do stair na Síne. Mar shampla, d’fhoghlaimedh daltaí níos mó faoi bhunú an Pháirtí Chumannaigh. Chuir Údarás Scrúduithe agus Measúnaithe Hong Cong – atá i gceannas ar an scrúdú iontrála ollscoile áitiúil a riar – in iúl gur theip ar mhic léinn a rinne tástáil staire na Síne tionchar dearfach Mhórbhealach Chun Tosaigh a ainmniú.

An 21 Lúnasa, osclaíodh an chéad Bhonn Oideachais Tírghrá do mhic léinn Hong Cong agus Macao i mBéising. D’oscail Ollscoil Pholaiteicnice Hong Cong ‘Bonn Oideachais Tírghrách Ollscoil Pholaiteicnice Hong Cong (Xi’an)’ an 10 Nollaig, i gcomhar le hOllscoil Xi’an Jiaotong.

Príomhphointí rialachais eile

An 17 Meán Fómhair, d'fhógair an Príomhfheidhmeannach John Lee an plean rialachais bliantúil leathdheireanach dá théarma reatha 5 bliana, inar cuireadh i dtábhacht an fhorbairt eacnamaíoch. I mí Dheireadh Fómhair, rinne an Rialtas iris ar Bhille na nAonad Bunúsach Tithíochta a raibh sé beartaithe leis deireadh a chur de réir a chéile le hárasáin fhoroinnte fhochaighdeánacha.

An 26 Samhain, maraíodh 168 nduine i dtragóid dóiteáin Tai Po, lena n-áirítear cónaitheoirí Hong Cong, oibrithe tí eachtracha agus comhraiceoir dóiteáin amháin. Rinne an chathair comóradh ar an mbás le tréimhse dhobróin 3 lá ón 29 Samhain go dtí an 1 Nollaig. D'eisigh Urlabhraí an Aontais agus Ceann Oifig an Aontais chuig Hong Cong agus Macao faoi seach cumarsáid ar na meáin shóisialta inar léiríodh dlúthpháirtíocht leis na daoine a ndearna an tragóid difear dóibh¹³.

Bhuail Oll-Tíofún Ragasa Hong Cong an 24 Meán Fómhair, rud a spreag Faireachlann Hong Cong Comhartha Spéirlinge Uimh. 10 a eisiúint toisc gur mhó meánluasanna gaoithe ná 118 km in aghaidh na huaire. Ba í an stoirm sin an cioclón trópaiceach ba láidre i réigiún an Aigéin Chiúin Thuaidh Thiar in 2025. A bhuí le gairmiúlacht na n-údarás áitiúil lena mbaineann agus le hathléimneacht shuntasach dhaonra Hong Cong, d'fhill an chathair ar an ngnáthshaol go tapa.

Caidreamh seachtrach Hong Cong

Maidir le caidreamh seachtrach Hong Cong in 2025 rinneadh iarrachtaí chun naisc thrádála agus eacnamaíocha a éagsúlú le tíortha san Áise Thoir Theas, sa Mheánoirthear agus i margaid eile atá ag teacht chun cinn. I mí na Bealtaine, bhí an Príomhfheidhmeannach i gceannas ar thoscaireacht a thug cuairt 6 lá ar Chatar agus ar Chuáit. Idir an dá linn, thug an Rúnaí Airgeadais Paul Chan cuairt ar an Araib Shádach i mí Dheireadh Fómhair. Chuir sé ar ceal cuairt ar an tSeapáin a bhí beartaithe do lár mhí na Nollag i bhfianaise an teannais atá ag dul i méid idir Tóiceo agus Béising.

Sheol an Rialtas foireann tarrthála go Maenmar tar éis crith talún ar mhéid 7,6 i mí an Mhárta.

An 30 Bealtaine, d'fhreastail Aire Gnóthaí Eachtracha na Síne, Wang Yi, ar shearmanas sínithe an Choinbhinsiúin maidir le Bunú na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Idirghabháil. Bhí 38 sínitheoir ag an gCoinbhinsiún, lena n-áirítear an tSín, ó dheireadh 2025. Mhínigh Wang Yi gur chuir bunú an chomhlachta idirghabhála 'rogha nua ar fáil don chomhphobal idirnáisiúnta díospóidí a réiteach agus athmhuintearas a bhaint amach.' Sheol an eagraíocht oibríochtaí go hoifigiúil an 20 Deireadh Fómhair. Ceapadh Teresa Cheng, iar-Rúnaí Dlí agus Cirt i Hong Cong, ina hArd-Rúnaí tionscnaimh.

Tionóladh searmanas oscailte Acadamh Ombudsman Idirnáisiúnta Hong Cong an 25 Lúnasa. Tá sé beartaithe leis an Acadamh malartú agus comhar idirnáisiúnta a chothú agus cáilíocht an riaracháin phoiblí áitiúil a fheabhsú an tráth céanna.

¹³ https://www.eeas.europa.eu/delegations/hong-kong/tai-po-fire-eu-office-extends-condolences-and-solidarity_en?s=239

Thionóil Comhlachas Hong Cong um Chairdeas Seachtrach faoi mhaoirseacht Chomhlachas Phobal na Síne um Chairdeas le Tíortha Eachtracha a shearmanas insealbhaithe an 5 Iúil.

Lean an eisimirce ó Hong Cong ar aghaidh. Ó mhí Mheán Fómhair 2025 ar aghaidh, d'fhógair Oifig Gnóthaí Baile na Ríochta Aontaithe go bhfuair sí breis agus 230 000 iarratas ó shealbhóirí pasanna Náisiúnta na Breataine (Thar Lear) ó Hong Cong ar an scéim víosa speisialta lenar féidir an bealach a réiteach don tsaoránacht. Tháinig thart ar 150 000 duine go dtí an Ríocht Aontaithe faoin scéim. Lean Ceanada agus an Astráil d'iarratais ar víosaí a fháil faoi scéimeanna inimirce saincheaptha le haghaidh chónaitheoirí Hong Cong.

An 10 Iúil, chuir Uachtarán na Stát Aontaithe síneadh le stádas 'éigeandála náisiúnta' Hong Cong, ag leanúint de chúlghairm pribhléidí trádála speisialta a dheonaigh na Stáit Aontaithe do Hong Cong. Cuireann an stádas toirmeasc freisin ar theicneolaíocht íogair a onnmhairiú chuig an gcathair.

An 31 Márta, d'fhógair SAM smachtbhannaí in aghaidh seisear oifigeach de chuid Hong Cong agus na Mórthíre as 'cur faoi chois trasnáisiúnta' ar ghníomhaithe an fhreasúra faoin reachtaíocht slándála náisiúnta. Is iad seo a leanas an seisear oifigeach: An Rúnaí Dlí agus Cirt Paul Lam; An Coimisinéir Póilíneachta Raymond Siu (a chuaigh ar scor an 1 Aibreán); Ard-Rúnaí an Choiste um Shlándáil Náisiúnta a Chosaint in Hong Cong Sonny Au; Stiúrthóir Oifig Mórthíre um Shlándáil Náisiúnta a Choimirciú an Rialtais Láir Dong Jingwei; agus Coimisinéirí Póilíneachta Cúnta (Slándáil Náisiúnta) Dick Wong agus Margaret Chiu. Is é seo an cúigiú huair a bhfuil smachtbhannaí forchurtha ag na Stáit Aontaithe ar oifigigh Hong Cong.

An 10 Aibreán, diúltaíodh cead isteach i Hong Cong ar thuras pearsanta don reachtóir Briotanach Werra Hobhouse. Tuairiscíodh gurbh í an chéad Fheisire Briotanach í ar diúltaíodh cead isteach di ar theacht isteach i Hong Cong ó bhí 1997 ann.

I mí Lúnasa, dheimhnigh Aire Stáit Gnóthaí Baile na Ríochta Aontaithe leasuithe dlíthiúla chun iarrataí ar eiseachadadh Hong Cong a phróiseáil ar bhonn cás ar chás.

Le linn na bliana, dheimhnigh gníomhaí a bhí ina chónaí sa Ríocht Aontaithe agus iar-reachtóir san Astráil go raibh stádas tearmainn faighte acu óna dtíortha óstacha faoi seach.

Ceartha, saoirsí agus comhdheiseanna

In 2025, lean Hong Cong de scór lag a fháil i ranguithe domhanda éagsúla a bhaineann le ceartha. De réir tuarascála ó Theach Saoirse na nEagraíochtaí Neamhrialtasacha, bhí Hong Cong ina chríoch 'saor go páirteach' in 2025, agus scór 40 as 100 aici. De réir Innéacs Daonlathais 2024 a d'ullmhaigh an tAonad um Fhaisnéis Eacnamaíoch agus a foilsíodh i mí Feabhra 2025, rangaíodh Hong Cong sa 87ú háit as 167 dtír nó críoch. Rinne an t-innéacs Hong Cong a chatagóiriú arís mar 'chóras hibrídeach', le scór foriomlán 5,09 as 10.

De réir na tuarascála dar teideal **Cooperation with the United Nations, its representatives and mechanisms in the field of human rights** [Comhar leis na Náisiúin Aontaithe, lena ionadaithe agus lena shásraí i réimse chearta an duine]¹⁴ a d'eisigh Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe agus a seachadadh chuig an gComhairle um Chearta an Duine an 17 Meán Fómhair, líomhnaíodh go raibh beirt bhall foirne de Chomhairle Daonlathais Hong Cong, Anna Kwok

¹⁴ <https://www.ohchr.org/en/documents/thematic-reports/ahrc6062-cooperation-united-nations-its-representatives-and-mechanisms>

agus Carmen Lau, atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, ‘faoi réir bearta díoltais as an gcomhar a rinne siad leis na Náisiúin Aontaithe san am a chuaigh thart agus as an gcomhar leanúnach atá ar bun acu leis na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear i gcomhthéacs an cheathrú timthriall den athbhreithniú tréimhsiúil uilíoch ar an tSín a rinne an Chomhairle um Chearta an Duine’. Rinneadh tagairt sa tuarascáil freisin do bhearta díoltais ar Chow Hang-tung agus don bheirt bhall den fhoireann dlí idirnáisiúnta a thacaíonn le Jimmy Lai agus lena mhac Sebastien.

An 3 Feabhra, chuir rialtais na Síne agus Hong Cong a dtuarascáil rialta faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Céastóireachta, a bhí dlite ar dtús in 2019, le moill 6 bliana.

An 8 Meán Fómhair, chuir Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le neamhspleáchas breithiúna agus dlíodóirí agus an Rapóirtéir Speisialta maidir leis an gceart chun saoirse tuairimíochta agus cainte a chur chun cinn agus a chosaint¹⁵ ábhair inní ‘thromchúiseacha’ in iúl gur scríosadh an t-atair Kevin Yam, atá ina chónaí anois san Astráil, ó Rolla na nAtarnaetha ‘gan aon cheann de reachtanna an Dlí-Chumann ná den Chód Iompair a sháru’.

An 9 Nollaig, chuir Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine Volker Türk in iúl go raibh inní air faoi thuairiscí gur úsáideadh an Reacht um Shlándaíl Náisiúnta a Chosaint chun ‘dianteannadh a dhéanamh ar dhaoine a bhí ag iarraidh go ndéanfaí tóireadóir i ndóiteán marfach [Tai Po]’¹⁶.

Bhí saoirse an phreasa fós faoi bhrú. San Innéacs bliantúil de Shaoirse an Phreasa de chuid Tuairisceoirí gan Teorainneacha (RSF) a foilsíodh i mí na Bealtaine, shleamhnaigh Hong Cong cúig ionad eile go dtí an 140ú háit. Den chéad uair riamh, chuaigh an chathair isteach i ‘gcrios dearg’ an innéacs – rud a léiríonn cás ‘an-tromchúiseach’. Ba é ciontú eagarthóirí Stand News faoin gcion ‘ceannairc’ i mí Mheán Fómhair 2024 ba chúis leis an meath.

Diúltaíodh cead isteach d’iriseoirí idirnáisiúnta roinnt uaireanta. Diúltaíodh iarratais ar víosaí oibre, lena n-áirítear d’iriseoir Bloomberg Rebecca Choong Wilkins.

Bhí féinchinsireacht forleathan: I Suirbhé 2024/25 ar Shaoirse an Phreasa a rinne Club Comhfhreagrachtaí Eachtracha Hong Cong (FCC), a foilsíodh i mí Aibreáin, léirigh 65 % de na comhaltaí go ndearna siad féinchinsireacht agus mheas 33 % gur fhág siad an chathair thar shaoirse an phreasa. B’ionann Innéacs Shaoirse an Phreasa, a d’ullmhaigh Cumann Iriseoirí Hong Cong agus a nochtadh i mí Dheireadh Fómhair, agus 28,9 pointe ar scála céad pointe, ar feabhas é ó 25 phointe sa bhliain roimhe sin. D’áitigh an Cumann ‘nár léirigh téarnamh an innéacs feabhas suntasach ach gur léirigh sé athléimneacht iriseoirí Hong Cong sa tírdhreach atá ann faoi láthair.’

In 2025, lean eagraíochtaí neamhspleácha meán agus iriseoirí ag dul i ngleic le ciapadh riaracháin, lena n-áirítear tóireadóirí cánach a bhfuil an chuma orthu go bhfuil siad spreagtha go polaitiúil. Léirigh Cumann Iriseoirí Hong Cong i mí na Bealtaine go raibh ar shé asraon neamhspleácha ar a laghad – lena n-áirítear Free Press (HKFP) Hong Cong, Hong Kong Inmedia agus The Witness – aghaidh a thabhairt ar iniúchtaí cánach comhuaineacha agus ar éilimh shiardháitithe ón Roinn Ioncaim Intíre. Ina theannta sin, rinneadh difear do 20 duine aonair a bhí nasctha le heagraíochtaí meán neamhspleácha, lena n-áirítear an cathaoirleach nuathofa ar Chumann Iriseoirí Hong Cong, Selina Cheng.

¹⁵ <https://spcommreports.ohchr.org/TMResultsBase/DownloadPublicCommunicationFile?gId=30342>

¹⁶ <https://news.un.org/en/story/2025/12/1166548>

Bhí deacrachtaí ag cumainn iriseoirí arís agus arís eile ionaid a fháil le haghaidh imeachtaí. Dá bhrí sin, b'éigean do Chumann Iriseoirí Hong Cong cluiche sacair a chur ar ceal i mí Eanáir agus a dhinnéar bliantúil ceiliúrtha a chur ar ceal i mí Feabhra, agus cuireadh bac ar Chumann Grianghrafadóirí Preasa Hong Cong taispeántas a eagrú i mí na Samhna, ócáid a bhí chun 35 bliana ar an bhfód a cheiliúradh.

I bhfianaise na timpeallachta sin atá ag éirí níos deacra, réachtáil Cumann Iriseoirí Hong Cong toghchán i mí an Mheithimh chun Coiste Feidhmiúcháin nua a roghnú gan ainmneacha na gcomhaltaí nuathofa a eisiúint go poiblí.

I mí Mheán Fómhair, rith an Chomhairle Reachtach an Bille um Chlárú Teideal agus Talún (Leasuithe Ilghnéitheacha), 2025 nár cheadaigh d'iriseoirí rochtain a fháil ar thaifid talún oifigiúla a thuilleadh, rud a chuir srian leis an raon feidhme don iriseoireacht iniúchta.

Tuairiscítear go raibh an tuairisceoir a chumhdaíonn beartas eachtrach agus cosanta na Síne do South China Morning Post, Minnie Chan, atá faoi choinneáil ó mhí Dheireadh Fómhair 2023, fós faoi choinneáil ar an Mórthír faoi dheireadh 2025.

Chuir Radio Free Asia deireadh lena chuid oibríochtaí ábhair i gCantainéis ón 1 Iúil ar aghaidh, tar éis do Ghníomhaireacht na Stát Aontaithe um na Meáin Dhomhanda deireadh a chur leis an gcistiú. Is in 1996 a bunaíodh an eagraíocht nuachta phríobháideach agus neamhbhrabúsach, agus ba mhinic léi ábhar a tháirgeadh inar cáineadh Rialtas Hong Cong.

In 2025 freisin, d'fhorfheidhmigh breithiúna Hong Cong saoirse an phreasa agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh. An 7 Lúnasa, dhiúltaigh an Chúirt Achomhairc Deiridh d'iarratas ón Údarás Cumarsáide rialú níos túisce a chur ar ceal nach raibh aoir polaitiúil a chuir an craoltóir Raidió Teilifíse Hong Cong (RTHK) amach arna chistiú ag an rialtas ina shárú ar a chód. Bhí sé sin i bhfabhar Aontas Foirne Chlár RTHK agus Chumann Iriseoirí Hong Cong a thug an dúshlán tosaigh 5 bliana ó shin in aghaidh rabhadh a thug an foras faire faoin seó maidir le cúrsaí reatha aoracha.

Bhí brú breise ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus ar an spás le haghaidh tuairimí iolraíocha in 2025. Tar éis dhóiteán Tai Po, inar maraíodh 168 nduine, ghabh na póilíní slándála náisiúnta an mac léinn Miles Kwan agus iar-Chomhairleoir Ceantair Cheung Kam-chung ar chúiseanna ceannairce. D'iarr Kwan go ndéanfaí imscrúdú neamhspleách maidir leis an dóiteán, agus rinne Kam-hung obair dheonach ar an láthair chun soláthairtí deonaithe a eagrú do dhaoine aonair a ndearna an dóiteán difear dóibh.

I mí Feabhra 2025, chuir an institiúid vótála neamhspleách Institiúid Taighde um Thuairim Phoiblí Hong Cong (PORI) deireadh lena gníomhaíochtaí vótála tuairimí polaitiúla faoi bhrú mór. Chuir na póilíní slándála náisiúnta a hUachtarán Robert Chung as oifig faoi dhó chun cabhrú le himscrúdú maidir le cabhrú le duine de na 'héalaithigh' – Chung Kim-wah, iar-Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin ag an Institiúid a bhog go dtí an Ríocht Aontaithe in 2022. Scaoileadh saor Chung ina dhiaidh sin.

Níor fhoilsigh Institiúid Hong Cong um Staidéar na hÁise agus an Aigéin Chiúin ag Ollscoil na Síne i Hong Cong aon toradh vótála ó mhí an Mheithimh, ná níor fhoilsigh sí aon rátáil formheasa ó Rialtas Hong Cong ná ón bPríomhfheidhmeannach.

Lean an brú polaitiúil ag déanamh difear do ghníomhaíochtaí cultúrtha freisin. Leanadh in 2025 freisin den chleachtas maidir le léirithe scannán roghnaithe agus taibhithe cultúrtha a mheastar a bheith criticiúil a chur ar ceal. Cuireadh dhá iontráil ag Féile Scannán Hong Cong na Fraince ar ceal, lena n-áirítear ‘Cás 137’ inar cuireadh i dtábhacht an chaoi ar láimhseáil póilíní na Fraince agóidí. Rinne an scannánóir áitiúil Kiwi Chow gearán i mí na Samhna gur fhan sé ar feadh 4 mhí á rá leis nach bhféadfadh a dhráma is déanaí ‘Deadline’ formheas a fháil le haghaidh léirithe den scannán i Hong Cong; mhairfeadh an próiseas thart ar 14 lá de ghnáth.

I gcomhairle leis an mBiúró Cultúir, Spóirt agus Turasóireachta, chuir Údarás Ceantair Chultúrtha West Kowloon athchéimniú ‘We Are Gay’ ar ceal, dráma de chuid an drámadóra a bhuaigh duaiseanna Candace Chong, an 18 Deireadh Fómhair, go gairid sular socraíodh tús a chur le díolacháin ticéad. Mhínigh an tÚdarás go bhfuair sé gearáin go gcuireann an saothar – rómáns aerach – ‘coimhlint chun cinn’ agus ‘go dtarraingíonn sé míchlú ar Hong Cong’.

An 30 Bealtaine, d’fhógair an t-amhránaí-scríbhneoir Sunny Lam, a bhfuil cáil air as liricí amhrán a athscríobh chun scigaithris a dhéanamh ar chúrsaí reatha, gur cuireadh ar ceal dhá cheolchoirm dá chuid a bhí sceidealaithe don 1 agus don 2 Meitheamh i gCeantar Cultúrtha Iarthar Kowloon, agus ‘meastóireacht chúramach’ á lua aige.

Leanadh den cháineadh oifigiúil ar ‘frithbheartaíocht bhog’ i leith gníomhaíochtaí cultúrtha, mar shampla aonach leabhar neamhspleách a eagraíodh i mí Iúil.

Bhain i bhfad níos mó saoirse le rochtain a fháil ar fhaisnéis agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh i Hong Cong go fóill áfach ná mar a bhí i Mórthír na Síne. Leis an rochtain oscailte ar an idirlíon den chuid is mó bhí muintir Hong Cong fós in ann rochtain a fháil ar mheáin neamhspleacha ar líne. Dheonaigh údarás inniúil an Rialtais athnuachan ar a léas ag an láithreán reatha do Chlub na gComhfhreagraithe Eachtracha faoi dheireadh na bliana go ceann 3 bliana eile.

D’fhan saoirse reiligiúin slán den chuid is mó i Hong Cong. Mar sin féin, tá an deis atá ag grúpaí nó ag ceannairí reiligiúnacha chun guthanna easaontacha a thaispeáint fós ciorraithe go mór. Don cheathrú bliain as a chéile, ní raibh Aifrin phoiblí ag Deoise Chaitliceach Hong Cong chun cniogbheartaíocht Chearnóg Tiananmen a chomóradh.

I mí Aibreáin, thug an chúirt áitiúil cead do Chairdinéal Caitliceach 93 bliana d’aois Joseph Zen Ze-Kiun – atá faoi bhannaí ó gabhadh é in 2022 ar chúisimh claonpháirteachais eachtraigh, agus a phas coigistithe ag na póilíní slándála náisiúnta – taisteal chuig an Vatacáin chun freastal ar shochraid an Phápa Proinsias. Tuairiscíodh go raibh toirmeasc air agallaimh a dhéanamh leis na meáin le linn a thurais.

Ní léir go bhfuil an tsaoirse comhthionóil le haghaidh agóidí síochánta á hathbhunú. An bhigil faoi sholas coinnle a dhéantaí ar mhórsála roimhe seo i bPáirc Victoria an 4 Meitheamh chun comóradh a dhéanamh ar chniogbheartaíocht Tiananmen in 1989, arb é an grúpa sochaí sibhialta Comhghuaillíocht Hong Cong chun Tacú le Gluaiseachtaí Daonlathacha Tírghrácha a d’eagraigh ar dtús í, níor tharla sí arís don séú bliain as a chéile. Chuir Oifig an Aontais coinnle i bhfuinneoga na hoifige arís an lá sin mar chomhartha cuimhneacháin.

An 4 Meitheamh, ghabh na póilíní beirt gar do Pháirc Victoria agus thóg siad deichniúr eile. Gabhadh an bheirt as gan doiciméad aitheantais a chur ar fáil agus toisc go raibh amhras ann gur chuir siad bac ar phóilíní, faoi seach.

Maidir leis an gcomóradh, chinn úinéir an ghluaisteáin leis na huimhirphlátaí ‘US 8964’ – sraith uimhreacha a bhaineann le dáta chniogbheartaíocht Tiananmen 1989 – bogadh go dtí an Ríocht Aontaithe toisc go ndearnadh ciapadh ar a theaghlach ag an obair agus ar scoil. Fuair an t-úinéir amach freisin go raibh a chuntas sa Roinn Iompair ‘faoi ghlas’, rud a chiallaíonn gurbh éigean aon idirbheart a bhain lena uimhirphlátaí agus lena ghluaisteáin formheas a fháil ó na Póilíní.

Tá na limistéir taispeántais thraidisiúnta in aice le foirgneamh na Comhairle Reachtaí fós dúnta. Bhí léirsithe beaga ann, áfach, faoi dhianscrúdú trom póilíneachta, cothrom 3 bliana ionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin. Sheiceáil póilíní a bhí i ngnáthéadaí aitheantais na rannpháirtithe agus na n-iriseoirí ar an láthair. Bhí roinnt cásanna ann freisin ina raibh daoine aonair ag agóid chun tacú leis an bPalaistín os comhair Chonsalacht na Stát Aontaithe agus níor chuir na húdaráis isteach orthu.

Lean na húdaráis de léirsithe a dhíspreagadh chun Lá an tSaothair a chomóradh an 1 Bealtaine, agus chuir siad leis an mbrú ar ghrúpaí atá ar son na bunaíochta freisin, amhail Cónaidhm na gCeardchumann agus Cónaidhm Hong Cong agus Kowloon na gCeardchumann Saothair a bhíodh ag comóradh Lá Saothair an 1 Bealtaine roimh 2020. I mí Aibreáin 2025, tuairiscíodh gur chuir na póilíní in iúl go raibh imní orthu faoin ord a bheith á choinneáil ar bun le linn agóid a d’fhéadfadh a bheith ann, rud a d’fhág gur chuir an ceardchumann an t-imeacht ar ceal.

I mí Feabhra, chuir Cumann Tacsaithe Teileaghlao Hong Cong stailc 5 lá a bhí beartaithe ar ceal tar éis do Phríomhfheidhmeannach Hong Cong rabhadh a thabhairt go bhféadfadh gníomhaíocht den sórt sin dochar a dhéanamh do ‘leasanna na ndaoine.’ D’éiligh an ceardchumann go ndéanfaí beart dianteannta ar sheirbhísí taistil ar ordú neamhcheadúnaithe.

An tráth céanna, lean na húdaráis ag cur neart spáis ar fáil d’agóidí bréige ó ghrúpaí atá ar son na bunaíochta a cháin an tAontas chomh maith le tíortha atá ar aon intinn leo. Bhí ceithre léirsiú den sórt sin os comhair fhoirgneamh Oifig an Aontais in 2025 mar fhreagairt ar ráitis ón Aontas a bhaineann le cearta an duine.

Lean an tsaoirse comhlachais de bheith faoi bhrú mór in 2025. Díscaoileadh roinnt grúpaí mór le rá de chuid na sochaí sibhialta. An 28 Feabhra, chinn an eagraíocht neamhbhrabúsach Hong Cong Unison, a dhírigh ar chearta mionlaigh eitnigh, díscaoileadh tar éis a bheith i mbun oibríochta le 24 bliana. An 12 Meitheamh, d’fhógair Feasachán Saothair na Síne atá lonnaithe i Hong Cong, arna bhunú ag an ngníomhaí saothair Han Dongfang in 1994, a chinneadh díscaoileadh, agus deacrachtaí airgeadais agus fiachais á lua aige. Thacaigh an grúpa le gluaiseachtaí saothair i Mórthír na Síne ó Hong Cong. An 30 Meitheamh, d’fhógair an Grúpa Imní maidir le Cearta na Riders, a bunaíodh in 2021 agus a dhírigh ar chearta na n-oibríthe seachadta, go gcuirfeadh sé deireadh le hoibríochtaí láithreach.

An 1 Lúnasa, d’fhógair an Cumann um Chosaint an Chuain, atá 29 mbliana ar an bhfód, grúpa caomhantais mór le rá a chuaigh i mbun feachtais go rathúil ar son chosaint dhlíthiúil Chuan Victoria in 1997, gur díscaoileadh é, agus luaigh sé athruithe reachtacha a rinneadh le déanaí lenar éascaíodh míntíriú talún a bhain an bonn dá mhisean. Cé go raibh tacaíocht ag an ngrúpa ó iar-Phríomhfheidhmeannaigh na cathrach Tung Chee-hwa agus Carrie Lam, chuir Ta Kung Pao, le tacaíocht Bhéising, ‘frithbheartaíocht bhog’ i leith an ghrúpa.

An 22 Lúnasa, d’fhoilsigh an Rialtas fógraí chun beagnach 300 grúpa a bhaint de chlárann na gcumann, agus d’áitigh sé gur creideadh gur ‘scoir na heagraíochtaí de bheith ann. I measc na

ngrúpaí bhí sé ghrúpa ar son an daonlathais atá éagtha anois, lena n-áirítear Scholarism – a bhunaigh an gníomhaí a cuireadh i bpríosún Joshua Wong agus an grúpa polaitiúil ar son an daonlathais People Power.

Le bliain anuas, bhí ar roinnt grúpaí sa tsochaí shibhialta dul i ngleic le hionaid a cuireadh ar ceal ag an nóiméad deireanach. Mar shampla, lá amháin roimh an bhfóram maidir leis an éiceathurasóireacht an 22 Meitheamh, chuir Ollscoil Hong Cong na Síne in iúl do Greenpeace gur ghá deisiúcháin a dhéanamh ag a hionad, rud a d'fhág gurbh éigean an t-imeacht a chur ar líne.

Leathnaíodh an fhorbairt sin chuig comhaltaí an Chóir Chonsalaigh freisin. In agallamh a foilsíodh i mí Iúil, léirigh Gregory May, Consal Ginearálta na Stát Aontaithe a bhí ag dul as oifig, go raibh deacracht ‘mhéadaitheach’ ag an misean taidhleoireachta ionaid a aimsiú toisc gur tharraing óstaigh siar roinnt uaireanta ag an nóiméad deireanach agus roinnt acu ag lua brú ó na húdaráis.

An 15 Aibreán, d'fhógair Amnesty International go raibh roinn nua i Hong Cong atá lonnaithe thar lear le seoladh tar éis dhúnadh a oifigí sa chathair in 2021. Tá an Oifig faoi stiúir gníomhaithe Hong Cong atá ag feidhmiú ón Astráil, ó Cheanada, ón Téaváin, ón Ríocht Aontaithe agus ó na Stáit Aontaithe.

Tá an tsaoirse acadúil fós faoi bhrú, le féinchinsireacht fhorleathan, go háirithe sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta. In 2025, b'éigean do na hocht n-ollscoil a fuair cistiú poiblí comhaontú cuntasachta nua a shíniú, lena n-áirítear clásail lena gceanglaítear ar ollscoileanna ‘comhairle agus treoraíocht’ an Rialtais Láir a leanúint agus ailíniú le barúlacha cheannaire na Síne Xi Jinping.

Chuir Institiúid Hong Cong um Staidéar na hÁise agus an Aigéin Chiúin ag Ollscoil na Síne i Hong Cong deireadh lena conarthaí le beirt Chomhalta Taighde Sinsearach Oinigh – iarthaidhleoir de chuid na Stát Aontaithe Morton Holbrook agus scoláire Téavánach Hsin-Huang Hsiao – i gcomhthéacs cáineadh a rinne Ta Kung Pao, atá faoi rialú Bhéising, a eisíodh an 30 Iúil.

I mí Lúnasa, chuaigh Ollscoil Hong Cong agus Ollscoil Eolaíochta agus Teicneolaíochta Hong Cong isteach in Ollscoil Tsinghua chun comhdháil ‘Peirspictíochtaí Comparáideacha Domhanda maidir le Xinjiang’ a chomhóstáil.

Tharraing na scoláirí uile ó institiúidí acadúla atá lonnaithe i Hong Cong siar a rannpháirtíocht sa ‘Tríú Comhdháil Idirnáisiúnta maidir le Staidéir Dhomhanda Hong Cong: Resilience & Transformation [Athléimneacht agus Claochlú] a d’eagraigh Institiúid na Socheolaíochta in Academia Sinica sa Téaváin go luath i mí na Nollag — mar gheall ar bhrú polaitiúil, de réir tuairiscí.

Mar sin féin, fuair an earnáil ardoideachais i Hong Cong aitheantas dearfach ó tháblaí sraithe le bliain anuas. I Rangú Ollscoileanna an Domhain QS 2026 a foilsíodh i mí an Mheithimh, bhí cúig ollscoil i Hong Cong ar na 100 ollscoil is fearr ar domhan. D’ardaigh institiúid amháin sé áit go dtí an 11ú háit ar fud an domhain, an fheidhmíocht is fearr dá raibh aici riamh. I Rangú Ollscoileanna an Domhain Times 2026 a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair, rangáíodh sé institiúid Hong Cong i measc na 200 ollscoil is fearr ar domhan, an leibhéal is airde riamh sa chathair.

In 2025, chonacthas léargas measctha maidir le cearta LADTIA+. An 10 Meán Fómhair, dhiúltaigh an Chomhairle Reachtach don Bhille um Pháirtnéireacht Chomhghnéis lena mbunófaí creat malartach lena n-aithneofaí páirtnéireachtaí homaighnéasacha i gcomhréir le rialú ón gCúirt Achomhairc Deiridh ó mhí Mheán Fómhair 2023. Vótáil 71 as 87 reachtóir in aghaidh na dréacht-reachtaíochta, vótáil 14 i bhfabhar na dréacht-reachtaíochta agus staon duine amháin. Ba é sin an chéad bhille agus an t-aon bhille a mhol an rialtas ar vótáil an reachtas a bhí ann ag an am ina aghaidh le linn a théarma 4 bliana.

Faoin mbille atá beartaithe, bheadh ar lánúineacha comhghnéis a gcaidreamh a chlárú lasmuigh de Hong Cong ar dtús. Thabharfadh an sásra líon teoranta ceart do na lánúineacha ansin, ar cearta iad a bhaineann le cúrsaí leighis agus iarbhaís. Luadh go sainráite sa pháipéar nach mbeadh an creat coibhéiseach le pósadh.

Mar sin féin, cháin príomhpháirtithe polaitiúla na cathrach agus an pobal LADTIA+ araon an bille. I gcás grúpaí coimeádacha, d'aithneofaí leis an gcreat go bunúsach caidrimh chomhghnéis mar phóstaí agus i gcás roinnt ball den phobal LADTIA+, níor éirigh leis an gcreat cosaint leordhóthanach a thabhairt dá gcearta. D'iarr Coiste na mBillí a rinne grinnscrúdú ar an reachtaíocht bheartaithe ar an bpobal aighneachtaí a chur isteach. Fuarthas breis agus 10 000 aighneacht. De réir na n-údarás, ní raibh ach 19 % díobh ag tacú leis an mbille.

Tar éis don Chomhairle Reachtach an bille a chrosadh, gheall an Príomhfheidhmeannach an 16 Meán Fómhair bearta riaracháin a fhógairt mar leigheas chun an ceanglas bunreachtúil a chomhlíonadh roimh sprioc-am an 17 Deireadh Fómhair, mar a shainordaigh an Chúirt Achomhairc Deiridh. Faoi dheireadh na bliana, ní raibh aon sonraí tagtha chun cinn maidir leis na bearta a fógraíodh. D'eisigh scoláirí dlí rabhaidh faoi dhamáiste don smacht reachta i Hong Cong i gcás freagra neamhleor ar an oibleagáid dhlíthiúil a d'fhorchuir an Chúirt Achomhairc Deiridh.

Cé gur iarradh ar Bhuanchóiste Dhaon-Chomhdháil Náisiúnta na Síne an Bundlí maidir leis an tsaincheist a léirmhíniú, rud a chuir an rialú ón gCúirt Achomhairc Deiridh ar ceal, chuir na húdaráis srian orthu féin. Níor fhoilsigh Oifig Gnóthaí Hong Cong agus Macao faoin gComhairle Stáit ach píosa tuairimíochta tar éis an chrosta, agus d'áitigh siad go raibh an vóta ailínithe le fírinne an scéil shóisialta i Hong Cong agus gur léirigh sé gnáthluachanna na sochaí. Tugadh faoi deara san airteagal freisin gur láimhseáil an riarachán, an reachtas agus na breithiúna an tsaincheist i gcomhréir leis an dlí.

Níos luaithe sa bhliain, rith an Chomhairle Reachtach tairiscint neamhcheangailteach cheana féin maidir le 'seasamh leis an gcóras pósta mhonagamaigh agus heitrichnéasaigh i Hong Cong'. Vótáil 69 nduine i bhfabhar na tairisceana, vótáil 0 ina haghaidh agus staon 10 nduine.

Idir an dá linn, bhí deacrachtaí méadaitheacha ag grúpaí LADTIA+ imeachtaí a eagrú. An 31 Iúil, chuir lucht eagraithe Pink Dot in iúl, ar imeacht corparáideach mórsála é a thacaíonn le cearta LADTIA+ atá beartaithe don 12 Deireadh Fómhair, gur dhiúltaigh comhpháirtí bunaidh an ionaid don imeacht a spás a ligean ar léas gan tuilleadh mínithe. Reáchtáladh an t-imeacht ar deireadh i bhfoirm ceolchoirm ar líne. Níorbh fhéidir imeacht amuigh faoin aer de chuid Fhéile Rainbow, arna eagrú ag Coiste Bhród Hong Cong, a reáchtáil ag ionad amuigh faoin aer mar a bhí sceidealaithe roimhe sin an 29 Samhain toisc nach raibh an t-ionad ar fáil mar gheall ar 'obair thógála'.

Bhí imeachtaí pobail eile in ann dul ar aghaidh, áfach. D'éirigh le grúpa eagraíochtaí neamhrialtasacha áitiúla faoi cheannaireacht Gay Harmony aonach sráide poiblí a eagrú chun tacú leis an dréacht-bhille um chlárú páirtnéireacht chomhghnéis i gcomhthéacs IDAHOBIT an 17 Bealtaine. D'fhill an Pride Bazaar bliantúil, a d'eagraigh an eagraíocht neamhrialtasach Gay Harmony, den chúigiú huair agus bhí sé ar siúl idir an 14 agus an 15 Meitheamh in ionad príobháideach.

Lean breithiúna Hong Cong de chearta LADTIA+ a chur chun cinn. An 23 Iúil, sheas an Ard-Chúirt le maíomh dlíthí anaithnid gur sháraigh an Rialtas a dhualgas bunreachtúil cearta bunúsacha cónaitheoirí a chosaint trí mhí-úsáid seomraí scíthe poiblí a choiriúlú chun dochair don phobal trasinscneach. Rinne an Rialtas achomharc in aghaidh an bhreithiúnais.

Ar leithligh, an 9 Meán Fómhair, rialaigh an Ard-Chúirt i bhfabhar lánúin leispiach a bhí ag iarraidh ainm pháirtnéir na máthar breithe a áireamh i dteastas breithe a mic. Phós an bheirt, bean as Hong Cong agus bean as an Afraic Theas, thar lear in 2019. Gineadh an leanbh trí thoirchiú in vitro.

Maidir le hiarrthóirí tearmainn, d'fheabhsaigh an Rialtas a chumas láimhseála. I mí Feabhra, cheap na breithiúna an chéad Leas-Bhreitheamh den Chúirt Chéadchéime chun cásanna a bhaineann le héilimh non-refoulement a láimhseáil go heisiach.

Tá oibrithe tí eachtracha i Hong Cong fós ina ngrúpa leochaileach. I mí an Mheithimh, dhíbh an Chúirt Achomhairc Deiridh athbhreithniú breithiúnach ar chúntóirí tí eachtrach a d'áitigh nach ndearna na póilíní imscrúdú ar ghearán a rinne sí in aghaidh a fostóra mar gheall ar easpa reachtaíochta sonraí in aghaidh saothar éigeantais.

Bhí cearta príosúnach ina n-ábhar inní i gcónaí. Tháinig Rialacha Príosúin (Leasú), 2025 i bhfeidhm an 18 Iúil, rud lenar géaraíodh cearta cuairte. Is féidir leis an Roinn Seirbhísí Ceartúcháin srian nó fiú toirmeasc a chur anois ar dhuine – lena n-áirítear dlíodóirí agus ceannairí reiligiúnacha – cuairt a thabhairt ar phríosúnach ar fhorais áirithe, lena n-áirítear an tslándáil náisiúnta a chosaint. Faoi na rialacha roimhe seo, ní raibh aon srianta ar dhlíodóirí agus d'fhéadfadh séiplínigh cuairt a thabhairt ar phríosúnaigh 'gach tráth réasúnach'.

I rith na bliana, lean grúpaí lasmuigh de Hong Cong agus gaolta daoine atá faoi choimeád d'ábhair inní a chur in iúl maidir le coinníollacha príosúin, lena n-áirítear an úsáid atáthar a bhaint as gaibhniú aonair agus líomhaintí go bhfuiltear ag diúltú do rochtain ar dheasghnátha reiligiúnacha. Bhí ar Chow Hang-tung, an gníomhaí ar son an daonlathais agus an comhalta de Chomhghuaillíocht Hong Cong atá faoi choimeád, aghaidh a thabhairt arís agus arís eile ar ghaibhniú aonair in 2025.

De réir Athbhreithniú Bliantúil 2024 a d'fhoilsigh an Roinn Seirbhísí Ceartúcháin i mí Feabhra 2025, shroich meánlíon laethúil na n-athchur 3 650, méadú bliantúil 18 % agus taifead nua ann ó 2000 i leith. Faoi dheireadh 2024, bhí 591 dhuine faoi choimeád mar gheall ar rannpháirtíocht i gcionta a bhaineann le hagóidí 2019 agus leis an reachtaíocht slándála náisiúnta, arb ionann é agus laghdú 24 % bliain ar bhliain.

II. Forbairtí eacnamaíocha

Feidhmíonn Hong Cong údarás neamhspleách maidir le comhaontuithe tráchtála a chur chun feidhme agus socraíonn sé beartas airgeadaíochta go neamhspleách ar mhórhí na Síne. In 2025, bhí Hong Cong fós ina dhlínse dhlíthiúil ar leithligh ó Mhórhí na Síne maidir le saincheistanna beartais eacnamaíoch. Tá airgeadra ar leithligh á choinneáil ar bun aige nach bhfuil teoranta ag teorainneacha caipitil, chomh maith le struchtúir rialála ar leithligh chun maoirseacht a dhéanamh ar chuideachtaí atá ag oibriú sa chríoch.

Rangaíodh Hong Cong mar an **tríú ceann scríbe is mó ar domhan le haghaidh IDC** in 2024 de réir Thuarascáil Infheistíochta Domhanda 2025 a d'eisigh Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Thrádáil agus Forbairt¹⁷. Ina theannta sin, tá Hong Cong ar cheann de na **geilleagair thrádála** is mó ar domhan (rangaithe sa seachtú háit in 2024)¹⁸, agus is ath-onnmhairí atá i gceist lena onnmhairí den chuid is mó.

Is iad **seirbhísí** (a chomhdhéanann 94 % de OTI) **is mó** atá i ngeilleagar Hong Cong, lena n-áirítear seirbhísí airgeadais agus lóistíocht, agus níl sa mhonaraíocht ach cuid an-bheag de OTI (1 %).

Tháinig **fás ar gheilleagar Hong Cong don dara bliain as a chéile in 2025**, agus méadú 3,5 % ann ar OTI bliain ar bhliain¹⁹, tar éis méadú 2,5 % in 2024. Thacaigh feidhmíocht láidir i dtionscal na seirbhísí airgeadais agus sa trádáil agus sa lóistíocht leis an bhfás eacnamaíoch agus bhí dúshlán fós roimh thionscail na tógála, an eastáit réadaigh agus na turasóireachta.

D'fhan an boilsciú measartha in 2025, agus tháinig méadú bliantúil 1,4 % ar an bpraghasinnéacs tomhaltóirí le linn na bliana. Ba é 3,6 % **an ráta difhostaíochta** ó mhí na Nollag 2025, méadú ó 3,0 % i mí na Nollag 2024.

Lean **an earnáil trádála agus lóistíochta** ag fás le linn na bliana. Tháinig méadú 15,5 % ar luach thrádáil sheachtrach earraí Hong Cong go HKD 10,93 trilliún (EUR 1,2 trilliún)²⁰ sa bhliain (tar éis méadú 7,3 % in 2024). Tacaíonn a ról mar ionad idirthurais agus ath-onnmhairiúcháin le seasamh Hong Cong mar mhol trádála le haghaidh earraí den chuid is mó.

Tacaíodh leis an **tionscal airgeadais** trí bhorradh a chur faoi thairiscintí tosaigh don phobal (IPOnna). Bhí 119 TTP i Hong Cong in 2025 (méadú ó 71 in 2024) agus tháinig méadú 226,8 % bliain ar bhliain ar an méid iomlán a tionsaíodh trí TTPanna go HKD 285,8 billiún (EUR 31,7 billiún). Ba é Hong Cong an mol ba mhó ar domhan le haghaidh TTPanna de réir luacha in 2025. Le linn na bliana, tháinig téarnamh 29,7 % ar **Innéacs Hang Seng Hong Cong**, agus tháinig méadú 34,2 % ar **chaipitliú margaidh** ar Stocmháirtán Hong Cong go HKD 47,4 trilliún (EUR 5,3 trilliún). Tháinig méadú 89,5 % bliain ar bhliain ar mheánláimhdeachas laethúil an mhargaidh go HKD 249,8 billiún (EUR 27,7 billiún). Ó dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2025, ba é Hong Cong an séú stocmhargadh is mó ar domhan agus an tríú stocmhargadh is mó san Áise de réir caipitliú margaidh agus an mol gnó renminbi easchósta is mó ar domhan.

¹⁷ Suíomh gréasáin UNCTAD:

<https://unctad.org/topic/investment/world-investment-report>

¹⁸ Roinn Daonáirimh agus Staidrimh Shainreigiún Riaracháin Hong Cong

https://www.censtatd.gov.hk/en/web_table.html?id=410-51041

¹⁹ Preaseisiúint ó Rialtas Shainreigiún Riaracháin Hong Cong https://www.censtatd.gov.hk/en/press_release_detail.html?id=5724.

²⁰ Tiontaíte go EUR le EUR 1 = HKD 9,01 (ó dheireadh mhí na Nollag 2025)

https://commission.europa.eu/funding-tenders/procedures-guidelines-tenders/information-contractors-and-beneficiaries/exchange-rate-inforeuro_ga

Tá an turasóireacht agus tionscail ghaolmhara a bhíonn ag brath ar chaiteachas turasóireachta fós le téarnamh go dtí an leibhéal a bhí acu in 2018, arbh í an ‘ghnáthbhliain’ dheireanach í ó thaobh sreafaí turasóireachta go Hong Cong roimh thús phaindéim COVID-19. Tháinig 49,9 milliún cuairteoir go Hong Cong in 2025, méadú 12,1 % bliain ar bhliain, ach ní raibh sa líon sin ach 76,6 % den líon cuairteoirí in 2018. Ba chuairteoirí ó mhórthír na Síne a bhí in 75,8 % den líon iomlán, is é sin 37,8 milliún duine. Chaith cuairteoirí i Hong Cong níos lú *per capita* freisin le linn na bliana agus dá thoradh sin, tháinig méadú 5,8 % bliain ar bhliain ar an gcaiteachas iomlán ar thurasóireacht le linn na chéad 9 mí de 2025 (an tréimhse is déanaí a bhfuil sonraí ar fáil ina leith) (i gcomparáid le méadú 12,1 % ar líon na n-imirceach a tháinig isteach). Níor tháinig ach fás measartha ar luach na **ndíolachán miondíola** (atá neamhchosanta ar chaiteachas turasóireachta), faoi 1,0 % bliain ar bhliain go HKD 380 billiún (EUR 42,2 billiún), le linn na bliana agus níorbh é sin ach 78 % dá leibhéal in 2018. D’éirigh an fheidhmíocht lag sa mhiondíol níos measa freisin mar gheall ar chónaitheoirí Hong Cong a bheith ag taisteal chuig cathair chomharsanach Shenzhen le haghaidh siopadóireachta agus fóillíochta.

Lean tionscail **eitlíochta** agus tionscail ghaolmhara de bheith ag téarnamh in 2025, ach d’fhan an líon eitiltí agus paisinéirí ag Aerfort Idirnáisiúnta Hong Cong faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim. In 2025, tháinig méadú 8,7 % go 394 732 ar an líon eitiltí isteach i Hong Cong agus amach as agus tháinig méadú 15,0 % go 60,8 milliún ar an líon paisinéirí, ach bhí siad sin fós 6,0 % agus 14,6 % níos ísle faoi seach ná mar a bhí in 2019. Tháinig méadú 2.8 % bliain ar bhliain ar aerlasta go 5.0 milliún tona in 2025 (7.1 % os cionn 2019 freisin). Choinnigh Hong Cong a sheasamh mar an mol aerlasta is gnóthaí ar domhan le linn na bliana. Agus an tríú rúidbhealach ag feidhmiú anois, tá acmhainneacht 120 milliún paisinéir agus 10 milliún tona lasta ag Hong Cong.

D’fhan **córas nasctha ráta malairte** an tSainréigiúin Riaracháin i bhfeidhm le linn na bliana, laistigh de bhanda HKD 7,75-7,85 go dollar amháin de chuid na Stát Aontaithe. Bhí cúlsócmhainní airgeadra eachtraigh cobhsaí den chuid is mó, ag USD 427,9 billiún ag deireadh 2025, méadú beag ó USD 421,5 billiún ag deireadh 2024.

Tuaradh sa bhuiséad a cuireadh i láthair i mí Feabhra 2025 easnamh comhdhlúite HKD 163 bhilliún (EUR 18,1 billiún) don bhliain airgeadais 2025-2026 (dar críoch an 31 Márta 2026), gan fáiltais ó eisiúint bannaí rialtais a áireamh. Tháinig feabhas ar an staid fhioscach le linn na bliana. Thug anailísithe réamhaisnéis go mbeadh cuntas trádála buiséad an Rialtais ina bharrachas ag deireadh na bliana airgeadais dar críoch mí an Mhárta 2026, agus go leanfadh an cuntas comhdhlúite (cuntas trádála + cuntas caipitil) d’easnamh a chlárú (an séú heasnamh i Hong Cong le 7 mbliana). Maoiníodh na heasnamh trí bhannaí rialtais a eisiúint agus trí leas a bhaint as cúlchistí fíoscacha Hong Cong. Ó mhí na Nollag 2025 ar aghaidh, b’ionann fiachas rialtais agus thart ar 12,4 % de OTI, méadú ó bheith glan ó fhiachas, nach mór, in 2019.

An timpeallacht ghnó

Tháinig feabhas measartha ar an dearcadh maidir le timpeallacht ghnó Hong Cong laistigh de phobal gnó na hEorpa in 2025. Léiríodh é sin i suirbhé cúinsí gnó ar chuideachtaí Sualannacha a eisíodh i mí na Bealtaine 2025²¹ (suirbhé gnó na Sualainne) agus i suirbhé

²¹ Business Climate Survey for Swedish Companies in Hong Kong SAR 2025 [Suirbhé Cúinsí Gnó le haghaidh Chuideachtaí na Sualainne i Sainréigiún Riaracháin Hong Cong 2025] arna dhéanamh ag Business Sweden, Comhlachas Tráchtála na Sualainne agus Ard-Chonsalacht na Sualainne

muiníne lucht gnó na Gearmáine a rinneadh i mí Lúnasa 2025 (suirbhé gnó na Gearmáine)²². I suirbhé gnó na Gearmáine, shroich muinín lucht gnó an leibhéal is airde ó thús an tsuirbhé in 2019. Bhí muinín ag 3,84 (ar scála ó 1 go 5), méadú ó 3,36 in 2024 agus ó 2,30 in 2022 (an leibhéal is ísle ar taifead). I suirbhé gnó na Sualainne, rinneadh timpeallacht ghnó Hong Cong a rátáil ag scór 3,3 (as 5), méadú ó 3,1 in 2024.

Tá cuideachtaí fós den chuid is mó den tuairim gur **lárionad gnó iomaíoch** é Hong Cong a bhfuil tairiscint láidir luacha aige. Tá siad seo a leanas i measc na mbuntáistí a bhaineann le bheith lonnaithe i Hong Cong: córas simplí agus cánach-íseal; a shuíomh geografach agus a nascacht agus a rochtain ar Mhórthír na Síne; a éasca atá sé gnó a dhéanamh; saorghluaiseacht chaipitil agus inmhalartacht iomlán dhollar Hong Cong; córas an dlí choitinn; sábháilteacht sonraí, leibhéal íseal éillithe agus ardleibhéal sábháilteachta poiblí. Measann cuideachtaí go bhfuil sé tábhachtach go bhfanfaidh na buntáistí sin amach anseo. Léiríodh oscailteacht eacnamaíoch mheasta Hong Cong i suirbhé gnó na Sualainne, inar rangaíodh Hong Cong mar an margadh leis an líon is lú bacainní margaidh ar fud an domhain. I suirbhé gnó na Gearmáine, ní raibh 92,4 % de na freagróirí ag smaoineamh ar athlonnú sna 12 mhí amach romhainn (i gcomparáid le 7,6 % a mheas athlonnú páirteach) agus léirigh 31,9 % pleananna le haghaidh tuilleadh infheistíochta i Hong Cong (luaigh na freagróirí eile nach bhfuil aon phlean den sórt sin acu nó go bhfuil siad idir dhá chomhairle).

Thuairiscigh cuideachtaí i Hong Cong roinnt dúshlán freisin. Áirítear ar na príomhdhúshláin na **costais arda** a bhaineann le gnó a oibriú i Hong Cong (lena n-áirítear costais saothair agus maoine), earcú agus infhaighteacht **tallainne** agus athruithe ar dhíorma tallainne Hong Cong. Ábhar inní breise do chuideachtaí eachtracha agus do chuideachtaí an Aontais is ea **na forbairtí áitiúla polaitiúla agus dlíthiúla** ó 2019 i leith, lena n-áirítear cur chun feidhme na reachtaíochta slándála náisiúnta agus ábhair inní maidir le saoirse cainte agus saoirse chun faisnéis a fháil. I suirbhé gnó na Gearmáine, rinneadh an timpeallacht pholaitiúil a rátáil mar an dara réimse is measa a dhéanann difear d'iomaíochas Hong Cong (tar éis saincheistanna costais). I suirbhé na Sualainne, mheas 38 % de na freagróirí go raibh tionchar diúltach nó an-diúltach ag forbairtí polaitiúla ar chúinsí gnó i Hong Cong (síos ó 51 % in 2024) – agus ba é an t-ábhar inní ba mhó a bhí ann go gcuireann na forbairtí sin stádas Hong Cong mar lárionad gnó idirnáisiúnta i mbaol agus go ndéanann siad difear do shaoirse cainte agus do shaoirse na meán – agus thuairiscigh 43 % tionchar neodrach agus 6 % tionchar dearfach. Léiríodh sa dá shuirbhé freisin ábhair inní atá ann cheana maidir leis an gcóras dlí agus na breithiúna. Bhí tionchar tharaifí na Stát Aontaithe ar oibriú chuideachtaí an Aontais i Hong Cong ina ábhar inní freisin.

Ba phríomhbheartas de chuid an Rialtais fós é **tallann a mhealladh chuig Hong Cong**. Le linn na bliana, ba náisiúnaigh de chuid na Síne ar an Mórthír iad formhór na n-oibrithe a mealladh chuig Hong Cong faoi scéimeanna tallainne rialtais éagsúla (e.g. le linn an chéad leath de 2025, na sonraí is déanaí a bhí ar fáil tráth na scríbhneoireachta, 97 % de na hiarratais a formheasadh faoin Scéim Ardchaighdeán um Ligeán Isteach ar Imircigh; 87 % díobh faoin Scéim um Thallann Teicneolaíochta a Ligeán Isteach; agus 94 % díobh faoin Scéim um Pasanna Ard-Tallainn).

<https://www.business-sweden.com/insights/reports/business-climate-surveys/hong-kong-sar-business-climate-survey-2025/>

²² Suirbhé ar Mhuinín Lucht Gnó 2025, arna dhéanamh ag Tionscal agus Tráchtáil na Gearmáine agus Comhlachas Tráchtála na Gearmáine i Hong Cong

<https://hongkong.ahk.de/en/news/german-business-in-hong-kong-2025>

Léirigh suirbhé bliantúil a rinne Roinn Daonáirimh agus Staidrimh Hong Cong le déanaí ar chuideachtaí eachtracha i Hong Cong gur **tháinig méadú 8,7 % in 2025 ar an líon cuideachtaí eachtracha (gan cuideachtaí de chuid mhórhthír na Síne a áireamh)** i gcomparáid le 2024, go dtí an líon is mó riamh, is é sin 7 980. Is méadú é sin freisin ar na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim, le méadú 10,2 % ó 2019. Mar sin féin, bhí cuideachtaí eachtracha níos lú freisin, agus 46,0 ball foirne ar an meán in aghaidh na cuideachta, laghdú 7,1 % ó 2024 (49,5 ball foirne) agus 15,7 % ó 2019 (54,5). Ina theannta sin, bhí an líon cuideachtaí eachtracha (nach cuideachtaí de chuid na Síne iad) a bhfuil a gceanncheathrú réigiúnach agus a n-oifigí réigiúnacha i Sainréigiún Riaracháin fós níos ísle, le laghdú 8,6 % ó 2019 (d'ainneoin méadú 3,9 % bliain ar bhliain in 2025). Idir an dá linn, tháinig méadú 17,9 % bliain ar bhliain in 2025 agus méadú 71,8 % i gcomparáid le 2019 ar an **líon cuideachtaí de chuid mhórhthír na Síne** atá bunaithe i Hong Cong (is é atá iontu anois 27,8 % de chuideachtaí nach cuideachtaí Hong Cong iad, méadú ó 19,9 % in 2019).

I mí an Mhárta 2025, d'fhógair an ilchuideachta **CK Hutchison Holdings Ltd (CK Hutchison)** atá lonnaithe i Hong Cong mór-idirbheart straitéiseach chun formhór a ghnó calafoirt domhanda a dhíol (43 chalafort/críochfort) i 23 thír (agus calafoirt i Mórhthír na Síne agus Hong Cong eisiata), lena n-áirítear a leas urlámhais i gCuideachta Chalafoirt Phanama (PPC), a oibríonn críochfoirt ag ceachtar ceann de Chanáil Phanama²³. Comhaontaíodh an comhaontú, dar luach thart ar USD 22,8 billiún, i bprionsabal le cuibhreannas faoi stiúir bhainisteoir sócmhainní na Stát Aontaithe BlackRock Inc. mar aon le comhpháirtithe lena n-áirítear Terminal Investment Limited (til) de Mediterranean Shipping Co. (MSC). D'fhógair CK Hutchison an t-idirbheart le linn teannas geopholaitiúil. Le linn na bliana, tugadh faoi deara i dtuarascálacha iomadúla cáineadh ar dhíol oifigigh Hong Cong agus Mhórhthír na Síne agus brúnna ó Bhéising d'infheisteoir straitéiseach Síneach, ar tuairiscíodh gur COSCO Shipping a bhí ann, chun leas a bheith aige sa chomhaontú. I mí Iúil 2025, **d'fhógair CK Hutchison** plé d'fhonn cuireadh a thabhairt do mhórinfheisteoir straitéiseach ó mhórhthír na Síne páirt a ghlacadh mar chomhaltas suntasach den chuibhreannas²⁴. Ó dheireadh 2025 ar aghaidh, ní raibh an comhaontú tugtha chun críche agus bhí sé fós íogair ó thaobh na polaitíochta de. Thairis sin, chuir rialú ó Chúirt Uachtarach Phanama lamháltas CK Hutchinson ar neamhní agus idir an dá linn ghlac Maersk oibriú dhá chríochfort Phanama (Balboa agus Cristóbal). D'fhéadfadh sé sin aon chomhaontú calafoirt amach anseo a dhéanamh níos casta freisin.

Beartais eacnamaíocha

Ina **aitheasc beartais bliantúil an 17 Meán Fómhair 2025**, dhírigh Príomhfheidhmeannach Hong Cong den chuid is mó ar fhorbairt eacnamaíoch agus ar bheartais eacnamaíocha. Fógraíodh san aitheasc an tionscnamh chun leas a bhaint as buntáistí Hong Cong mar lárionad gnó agus mar ardán onnmhairiúcháin chun **tacú le fiontair na Mórhthíre leathnú thar lear**. Tagraíonn an t-aitheasc beartais d'athrú ar an bhfócas straitéiseach, agus fiontair na Mórhthíre ag féachaint go réamhghníomhach ar mhargaí atá ag teacht chun cinn. I mí Dheireadh Fómhair 2025, sheol rialtas Hong Cong an Tascfhórsa maidir le Tacú le Fiontair Mhórhthíre in Going Global (Tascfhórsa GoGlobal)²⁵, chun oifigí Hong Cong thar lear, chomh maith le hoifigí Hong Cong ar an Mórhthír, a shlógadh, chun fiontair Mhórhthíre a spreagadh chun Hong Cong a úsáid

²³ Fógra comhpháirteach ó CK Hutchison Holdings Limited agus BlackRock Inc., Global Infrastructure Partners agus Terminal Investment Limited

https://www.ckh.com.hk/en/media/press_each.php?id=3431.

²⁴ Fógra ó CK Hutchison Holdings Limited

<https://www1.hkexnews.hk/listedco/listconews/sehk/2025/0728/2025072800045.pdf>

²⁵ Preaseisiúint ó Rialtas Shainréigiún Riaracháin Hong Cong <https://www.info.gov.hk/gia/general/202510/06/P2025100600200.htm>.

agus a ngnólachtaí á leathnú acu thar lear. Luaitear na cuspóirí seo a leanas san aitheasc beartais freisin: (1) cuideachtaí Mórthíre a spreagadh chun Lárionaid Stáitchiste Chorporáidigh (CTCanna) agus ceanncheathrú réigiúnach a bhunú i Hong Cong; (2) cabhrú le bainc na Mórthíre leathnú isteach i margai amhail an Áise Thoir Theas agus an Meánoirthear; (3) tionscal taispeántais Hong Cong a ghíaráil mar an t-ardán is fearr do bhrandaí na Mórthíre ‘dul ar fud an domhain’; (4) seirbhísí iniúchóireachta carbóin a fhorbairt chun cúnamh a thabhairt d’fhiontair a théann ar fud an domhain ceanglais idirnáisiúnta a chomhlíonadh; agus (5) seirbhísí dlí Hong Cong a shlógadh chun cuidiú le fiontair na Mórthíre a leathnú.

Ba phríomhbheartas san aitheasc beartais é dlús a chur le forbairt **Cheantar Uirbeach an Tuaiscirt** (agus thart ar aon trian d’iontógáil beartaithe talún agus daonra Hong Cong i gceist leis) ina ‘inneall nua d’fhorbairt eacnamaíoch Hong Cong’. Airítear ar na tionscnaimh san aitheasc beartais chun dlús a chur leis an bhforbairt agus chun rannpháirtíocht sa mhargadh a chur chun cinn (i) cur chuige ‘forbartha céimnithe’ a thabhairt isteach arna spreagadh ag an Mórthír; (ii) an phréimh talún a ísliú trí chead a thabhairt an phréimh a íoc ina céimeanna agus/nó bunaithe ar an achar urláir tógtha iarbhir (seachas an t-achar urláir uasta); agus (iii) diúscairt talún ar mhórsála a ghlacadh (seoladh an chéad diúscairt talún ar mhórsála i mí na Nollag)²⁶. Sprioc shonraithe freisin is ea costais agus am tógála a laghdú trí theicneolaíochtaí, ábhair agus trealamh tógála ón Mórthír agus ó thíortha thar lear a chomhtháthú. Fógraíodh san aitheasc beartais freisin nósanna imeachta simplithe chun cuideachtaí páirce tionscail reachtúla a bhunú (i mí na Nollag, bunaíodh cuideachta páirce tionscail, atá faoi úinéireacht iomlán an Rialtais, chun páirc tionscail Hung Shui Kiu a fhorbairt i gCeantar Uirbeach an Tuaiscirt)²⁷. Ba sprioc shonraithe den aitheasc beartais é rialachas a fheabhsú freisin agus seoladh Coiste um Fhorbairt Cheantar Uirbeach an Tuaiscirt, faoi chathaoirleacht an Phríomhfheidhmeannaigh, agus tháinig sé le chéile den chéad uair an 29 Meán Fómhair. Bunaíodh trí mheitheal faoin gCoiste, faoi chathaoirleacht an Rúnaí Airgeadais, an Phríomh-Rúnaí Riaracháin agus an Leas-Rúnaí Airgeadais faoi seach. Thionóil an tascfhórsa um chomhar maidir le straitéis forbartha Cheantar Uirbeach an Tuaiscirt, ina bhfuil údarais Hong Cong agus Shenzhen, a shéú agus a sheachtú cruinniú le linn na bliana.

Leanadh d’fhorbairt Cheantar Uirbeach an Tuaiscirt le linn na bliana. D’eisigh an Rialtas glaonna ar léirithe spéise, lena n-áirítear le haghaidh iarnróid, éiceathurasóireachta agus diúscairt talún ar mhórsála. Tá ról tábhachtach ag Ceantar Uirbeach an Tuaiscirt i straitéis an Rialtais chun Hong Cong a neartú mar ionad idirnáisiúnta Nuálaíochta agus Teicneolaíochta (I&T). Chuir an Rialtas tús in athuair leis an gcéad dáileacht talún²⁸ (i.e. ghlac an Rialtas úinéireacht talún ar ais ó úinéirí príobháideacha faoin Reacht um Athghabháil Talún) i Mol Teicneolaíochta San Tin – crios nua Teicneolaíochta agus Faisnéise i gCeantar Uirbeach an Tuaiscirt — agus eisíodh plean forbartha don mhol teicneolaíochta²⁹. Seoladh tairiscint oscailte ag Braisle Shaoráid Sonraí Sandy Ridge (le haghaidh saoráidí cumhachta ríomhaireachta, sonraí, intleacht shaorga agus tionscail dhigiteacha)³⁰. Críochnaíodh tógáil na chéad trí fhoirgneamh de Pháirc Hong Cong – atá mar chuid de Chrios Comhair Shenzhen-Hong Cong um Nuálaíocht Eolaíochta agus Teicneolaíochta – atá suite ar an dá thaobh d’Abhainn

²⁶ Preaseisiúint ó Rialtas Shainréigiún Riaracháin Hong Cong <https://www.info.gov.hk/gia/general/202512/29/P2025122900705.htm>

²⁷ Preaseisiúint ó Rialtas Shainréigiún Riaracháin Hong Cong https://www.news.gov.hk/eng/2025/12/20251229/20251229_145136_027.html.

²⁸ Preaseisiúint ó Rialtas Shainréigiún Riaracháin Hong Cong https://www.news.gov.hk/eng/2025/07/20250710/20250710_174216_088.html.

²⁹ Achoimre Choincheapúil ar an bPlean Forbartha don Tionscal Nuálaíochta agus Teicneolaíochta i Mol Teicneolaíochta San Tin <https://www.info.gov.hk/gia/general/202511/20/P2025112000367.htm>.

³⁰ Preaseisiúint ó Rialtas Shainréigiún Riaracháin Hong Cong <https://www.info.gov.hk/gia/general/202510/10/P2025100900761.htm>.

Shenzhen, agus d'oscail an Príomhfheidhmeannach an pháirc go hoifigiúil an 22 Nollaig³¹. Tógfar baile ollscoile freisin mar chuid Cheantar Uirbeach an Tuaiscirt.

Creideann cuideachtaí an Aontais i Hong Cong sna tionscail tógála, innealtóireachta agus bonneagair go gcuirfidh forbairt Cheantar Uirbeach an Tuaiscirt deiseanna gnó ar fáil ach thuairiscigh siad freisin iomaíocht mhéadaithe ó chuideachtaí Síneacha sna réimsí sin.

Chun ról an tSainréigiúin Riaracháin mar **lárionad trádála idirnáisiúnta** a neartú tráth a bhfuil tírdhreach geopholaitiúil ag teacht chun cinn, fógraíodh san aitheasc beartais go bhféachfaidh Hong Cong lena líonraí comhaontuithe trádála agus infheistíochta a leathnú agus oifigí nua eacnamaíocha agus trádála a oscailt. Déanfar an trádáil dhigiteach a chur chun cinn a thuilleadh chun costais a laghdú agus éifeachtúlacht a spreagadh, lena n-áirítear i ndáil le ríomhthráchtáil, maoiniú trádála agus rochtain ar chreidmheas do FBManna. Áirítear leis sin freisin pleananna chun ionad ilfhreastail trádála Hong Cong a leathnú a thuilleadh (chun doiciméid trádála a chur isteach go digiteach) agus chun é a nascadh le hionaid ilfhreastail Mhórthír agus Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN). I mí na Nollag, d'fhoilsigh an Rialtas comhairliúchán tionscail le haghaidh leasuithe reachtacha maidir le doiciméid trádála gnólacht le gnólacht a dhigitiú³².

Rinne Hong Cong dul chun cinn breise maidir lena chuspóir é féin a fhorbairt mar **lárionad trádála agus stórála tráchtearraí**. Fógraíodh san aitheasc beartais spriocanna chun acmhainneacht stórála óir a mhéadú go dtí os cionn 2 000 tona, trádáil óir, imréiteach agus bainistíocht riosca a fhorbairt, lamháltais chánach a chur ar fáil do thrádálaithe tráchtearraí agus naisc le margáil tráchtearraí ar an Mórthír a dhoimhniú. Le linn na bliana, d'fhorbairt Malartán Miotail Londan – atá faoi lánúinéireacht Stocmhalartán Hong Cong – roinnt trádastóras tráchtearraí i Hong Cong (rud a thug an t-iomlán go 13 ó mhí na Nollag) mar chuid dá líonra trádastórais domhanda³³. Le linn na bliana shínigh Hong Cong agus Shenzhen Meabhrán Tuisceana maidir le comhar i dtrádáil óir, sheol Malartán Óir Shanghai a chéad fholmha eischósta i Hong Cong agus fógraíodh córas imréitigh lárnach le haghaidh óir i Hong Cong (le tosú ag feidhmiú in 2026)³⁴. Thionóil an Coiste Straitéiseach um Thráchtearraí, faoi chathaoirleacht an Rúnaí Airgeadais, a chéad chruinniú i mí na Nollag³⁵.

De réir an aithisc beartais, is ionann soithí atá faoi úinéireacht longúinéirí Hong Cong, atá á mbainistiú acu nó á n-oibriú acu agus beagnach 10 % de thonnáiste chabhlach trádála an domhain. Chun **Hong Cong a fheabhsú mar ionad loingseoireachta** agus tréachur lasta ag laghdú ag calafort Hong Cong, fógraíodh san aitheasc beartais go leanfaí den bheartas chun seirbhísí muirí ard-bhreislúacha a fhorbairt (e.g. bainistiú agus léasú long, árachas muirí, dlí muirí agus eadráin). D'fhógair sé freisin go seolfaí an córas pobail calafoirt³⁶ a forbraíodh le linn na bliana go luath in 2026, arb é is aidhm dó digitiú, calafort cliste agus idirnascacht trasearnála a chur chun cinn. Féachann an Rialtas freisin le naisc idirmhódúla leis an Mórthír (iarnród, muir, talamh agus abhainn) a leathnú. Maidir le naisc idirnáisiúnta, i mí na Samhna

³¹ Preaseisiúint ó Rialtas Shainréigiúin Riaracháin Hong Cong https://www.news.gov.hk/eng/2025/12/20251222/20251222_195653_282.html.

³² Suíomh gréasáin HKEX https://www.hkex.com.hk/News/News-Release/2025/251222news?sc_lang=en

³³ Preaseisiúint ó Rialtas Shainréigiúin Riaracháin Hong Cong <https://www.info.gov.hk/gia/general/202509/22/P2025092200492.htm>.

³⁴ Preaseisiúint ó Rialtas Shainréigiúin Riaracháin Hong Cong <https://www.info.gov.hk/gia/general/202512/22/P2025122200457.htm>.

³⁵ Preaseisiúint ó Rialtas Shainréigiúin Riaracháin Hong Cong <https://www.info.gov.hk/gia/general/202512/22/P2025122200602.htm>.

³⁶ Preaseisiúint ó Rialtas Shainréigiúin Riaracháin Hong Cong https://www.news.gov.hk/eng/2025/05/20250516/20250516_192111_708.html.

d'fhógair an Príomhfheidhmeannach go mbunófaí 'caidrimh chalafoirt chomhpháirtíochta' le dhá chalafort i Mórthír na Síne agus le calafort San Antonio sa tSile³⁷.

